Údaráis Áitiúla Chiarraí

Tuarascáil Bhliantúil 2009

CLÁR

RÉAMHRÁ AN MHÉARA 3
RÁITEAS AN BHAINISTEOIR CHONTAE 4

TUAIRISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ
- Baill Chomhairle Contae Chiarraí 7
- Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle 12
- Tuairisc ar Chruinnithe Toghcheantar 14
- Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach 14
- Baill na mBord/na gCoistí 20
- Comhdhálacha 22
- Costais Toghcháin na nlarrthóirí 27

TUAIRISCÍ FEIDHME NA STIÚRTHÓIRÍ
- Stiúrthóir Tithíochta & Tacaíocht Shóisialta 30
- Stiúrthóir Bóithre, Iompair & Sábháilteachta 33
- Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil 37
- Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísí Éigeandála 40
- Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana 47
- Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta 53
- Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha 59

RÁITEAS AIRGEADAIS
- Bainistíocht Airgeadais 62

TUAIRISC Ó BHORD FIONTAR CONTAE CHIARRAÍ 68

TUAIRISCÍ NA GCOMHAIRLÍ BAILE
- Trá Lí 70
- Cill Airne 84
- Lios Tuathail 96

TÁSCAIRÍ NÁISIÚNTA SEIRBHÍSE 105

COTHROMAÍOCHT INSCNE SAN EARCAÍOCHT 116

ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN CORPARÁIDEACH 117

Réamhrá an Mhéara

Mar Mhéara Chiarraí, cúis mhór áthais domsa Tuarascáil Bhliantúil Údarás Áitiúla Chiarraí a chur i láthair.

Is léir gur bhliain bhroidiúil a bhí againn i gComhairle Contae Chiarraí agus sna trí Comhairlí Baile. Is léir freisin, áfach, gur bhuaicphointe na bliana a bhí sna Toghcháin Áitiúla don gcuid is mó de na comhaltaí tofa.

Ar son ár gcomhairleoirí go léir is mian liom buíochas a ghabháil le cách a bhí páirteach sa phróiseas daonlathach.

Is mór againn freisin an tseirbhís atá déanta acu siúd nár fhill ar Sheomra na Comhairle an babhta seo ar chúiseanna éagsúla. Gabhaim buíochas leo siúd nár éirigh leo toisc gur thóg sibh an cinneadh misniúil sin nuair a sheas sibh mar iarrthóirí sa toghchán.

Le linn na bliana chuir an dá Chomhairle, an sean agus an nua, saothar suntasach i gcrích, go háirithe nuair a glacadh le Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2009-2015 mí Bealtaine 2009.

Caithfear a rá gur Plean fíorthábhachtach é seo mar is ann a leagtar síos gréasán d'fhorbairt cheart inmharthana an chontae sa todhchaí. Is léir ó líon na gcruinnithe agus na gcomhráití a tharla i measc na gcomhaltaí tofa gur oibrigh siad go dícheallach chun go mbeadh rath ar dhréachtadh an Phlean. Dá bharr san tá cáipéis anois againn a bheidh mar bhonn saothair ag an gComhairle go ceann sé bliana ar a laghad.

Go pearsanta, toisc gur ó Oileán Chiarraí mé féin, bhíos an-bhródúil as nuair a thosnaigh an obair ar Sheachród Oileán Chiarraí. Críochnófar an bóthar úd roimis deireadh na bliana 2010. Beidh dea-thionchar aige seo ar gheilleagar an bhaile agus dreach úrnua ar Oileán Chiarraí ar deireadh agus an seachród oscailte.

Gaisce ab ea é gan dabht a leithéid de thionscnamh a bheith againn in ainneoin cúlú eacnamaíochta a bheith ar siúl. Giorrófar go mór an turas go Luimneach nó d'aon áit eile thuas fan dtír ar ndóigh.

Rud amháin atá fíorshuntasach i leith na ndúshlán a bhíonn romhainn sa lá atá inniu ann ná spiorad iontach I measc an phobail. Cítear comharsana agus grúpaí pobail ag cur le chéile chun feabhas beatha a gceantar áitiúla féin a fheabhsú.

Aithnítear a leithéid de shaothar trí Ghradaim Phobail Chiarraí agus is mór an onóir domsa mar Mhéara Chiarraí iad a mholadh go hard. Tá ríméad orainn go bhfuil trí ghrúpa i gContae Chiarraí ar an ngearrliosta do na Gradaim Uile-Éireann ar son Mórtas Ceantar Dúchais.

Ba iad An Caladh, Gleann Beithe agus Páirc Uíbh Ráthach, Cill Orglan a ghlac páirt sa chomórtas ar son Chiarraí agus bhain Páirc Uíbh Ráthach an chead duais sa roinn Eastáit Tithíochta.

Ar son ár gcomhairleoirí go léir agus ar son pobal an chontae is mian liom foireann na Comhairle a mholadh go hard mar gheall ar a gcuid saothair le linn na blbiana 2009. Caithfear iadsan a mholadh go speisialta as a gcuid iarrachtaí le linn tuilte mí na Samhna agus drochaimsire mí na Nollag.

Bhí foireann na Comhairle amuigh agus sioc nó sneachta ar na bóíthre rompu chun a chinntiú nach gcuirfí as go mór don phobal. Laghdaíodh cruatan na ndaoine go mór dá bharr san agus cuireadh a mbuíochas siúd in iúl domsa go soiléir trí na céadta glaonna gutháin a fuaireas ó dhaoine ar fud an chontae le cúpla mí anuas.

Ba mhaith liom anois buíochas a ghabháil le Bainistíocht agus le Foireann na Comhairle as a gcúnamh domsa go pearsanta agus do na Comhairleoirí go leir le linn 2009. Gura fada buan an comhoibriú a bhíonn ar siúl againn sa láthair oibre.

An Comh Bobby O'Connell
Méara Chiarraí

Ráiteas an Bhainisteoir Chontae

Mar Bhainisteoir Chontae Chiarraí, is maith liom go mór an Tuarascáil Bhliantúil 2009 a chur i láthair do Chomhairle Contae Chiarraí agus do na Comhairlí Baile Chill Airne, Lios Tuathail agus Trá Lí.

Bhí líon an-mhór clár agus tionscnamh ar siúl ag an foireann agus ag bainistíocht na gceithre gcomhairlí le linn 2009 a chuir go mór leis an gcaighdeán maireachtála do phobal Chiarraí agus do chuairteoirí araon. Ba mhaith liom anois an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoirne na nÚdarás Áitiúla i gCiarraí as ucht feabhas a chur ar Chiarraí ar an iomlán mar áit chónaithe.

Caithfear a admháil gur cuireadh an obair chéanna i gcrích i measc deacrachtaí airgeadais ar leibhéal náisiúnta agus domhanda araon. Tá deacrachtaí ag cách sa lá atá inniu ann agus is é an dála céanna é ag na hÚdaráis Áitiúla i gCiarraí, iad ag plé le buiséid laghdaithe, le ganntanas foirne agus le rialachán géar ar nósanna oibríochta.

Dá dheasca san go léir bhí cinní le tógaint maidir le soláthar seirbhísí, go háirithe i gcás gnéithe tábhachtacha mar bhóithre, tithíocht, uisce agus fuíolluisce. Anois níos mó ná riamh caithfear béim a chur ar mhargadh maith a fháil i ngach aon ghné den obair a dheineann an Chomhairle.

I dteannta na hoibre a dhéantar maidir le cláir oibre agus soláthar seirbhísí, tá ról ag Comhairle Contae Chiarraí a bhaineann le gníomhaíochtaí eile nach iad. Ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE tá béim á leagadh anois ar cheisteanna comhshaoil, go háirithe maidir le cáilíocht fíoruisce agus le diúscairt sábháilte fuíolluisce.

Bíonn brú ar an gComhairle agus iad ag déanamh maoirseacht ar na rialacháin úd chomh fada agus a bhaineann siad leo agus ag an am gcéanna iad ag iarraidh leas a bhaint as a gcuid acmhainní mar atáid faoi láthair.

Mar sin féin, áfach, caithfear a bheith dearfach faoin scéal ar an iomlán. Tá buiséad ioncaim €130M ag Comhairle Contae Chiarraí, rud a fhágann go bhfuilid in ann na seirbhísí céanna a sholáthar do phobal Chiarraí agus go leanfar den soláthar céanna.

Maidir le hobair na Comhairle Contae a dhéanamh ar bhonn a bheidh cóir agus inmharthana, is fíor go mbíonn ról ag an bPlean Forbartha Contae i dtreo todhchaí an chontae a leagan amach.

Dá bhrí sin gaisce ab ea é nuair a glacadh mí Bealtaine 2009 le Plean Forbartha Chiarraí 2009-2015. Tháinig an Plean úd ar an bhfód in ionad an Phlean Forbartha 2003-2008 agus caitheadh dua agus díograis i leith fís a dhréachtadh don chontae go ceann na sé bliana atá romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aonad Pleanála as an gcáipéis a sheoladh trí na céimeanna éagsúla a bhí riachtanach. Gabhaim buíochas freisin leis na comhaltaí tofa as a gcuid ama chun machnamh agus plé a dhéanamh ar na céimeanna éagsúla agus an dréachtadh ar siúl.

Tá súil agam go mbeidh an Plean mar chúnamh ag an gComhairle agus ag an gcontae ar fad i gcomhthéacs na haimsire san am atá i láthair agus dá bharr san go mbeidh bonn maith fúinn i dtreo rath a bheith ar an gcontae nuair a bheidh feabhas ar chúrsaí geilleagair amach anseo.

Ag éirí as an bPlean nua Forbartha Contae, thosnaigh athbhreithniú ar na Pleananna Ceantar Áitiúla i gCiarraí, 12 cheann ar fad. Caithfear an méid sin a dhéanamh tar éis sé bliana faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt). Glacadh go hoifigiúil leis an gcéad cheann díobh mí na Nollag, an Plean Ceantar Áitiúil d'Oileán Chiarraí.

Glacadh freisin mí na Samhna leis an bPlean Corparáideach 2009-2014 mar a leagtar síos aidhmeanna straitéiseacha agus gnímh atá riachtanach dá réir. Sa phlean seo freisin clúdaítear bearta chun cuntas a choimeád ar an bhfeidhmíocht ionas gur féidir an dul chun cinn a mheas.

Agus cúrsaí geilleagair mar atá faoi láthair, leanann Comhairle Contae Chiarraí den gcomhoibriú a bhíonn ar siúl le háisínteachtaí éagsúla agus sinn ag iarraidh comhlachtaí a mhealladh isteach sa chontae. Is trín Meitheal KEAT don bhFiontar Chiarraí a tharlaíonn a leithéid de chur chun cinn maidir le Contae Chiarraí.

Is fíor go bhfuilimid ar an imeall agus sinn suite in iardheisceart na tíre agus cé go bhfuil feabhas ag teacht ar bhonneagar i gcónaí, tá mórán le déanamh fós chun an fad idir sinne agus ionaid mhóra a ghiorrú.

Ráiteas an Bhainisteoir Chontae

Stiúraíonn E-net na córais Leathanbhanda MANS do lucht gnó atá anois i dTrá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail agus Oileán Chiarraí. Is trín Scéim Náisiúnta Leathanbhanda a chlúdófar an chuid eile den chontae, obair atá ar siúl cheana féin. Ba mhaith liom an cumas leathanbhanda i gCiarraí a fheabhsú go mór sna blianta atá díreach romhainn.

Mar Chomhairle, caithfimid cur le chéile anso i gCiarraí chun go mbeidh an contae mar áit iontach don phobal, don lucht oibre agus do chuairteoirí. Is cúis áthais dom a dhearbhú go bhfuil an caidreamh dearfach riachtanach againn cheana féin i gCiarraí.

Ar ndóigh ní hiad na daoine ceannann céanna atá anois ag teacht isteach i Seomra na Comhairle tar éis na dToghchán Áitiúla. Gabhaim buíochas leo siúd atá imithe as a dtiomantas don saothar fad a bhíodar linn. Fáiltím roimis na comhaltaí atá tagtha isteach agus táim ag súil go mór le bheith ag comhoibriú i bhur dteannta ar son muintir Chiarraí go ceann cúig bliana eile le cúnamh Dé.

Tom Curran
Bainisteoir Chontae Chiarraí

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Contae Chiarraí

Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2009

Toghcheantair Chiarraí

Baill Chomhairle: 27

Meara
Comh Bobby O'Connell

Leas Mheara:
Comh Arthur J Spring



Baill Chomhairle Contae Chiarraí

Toghcheantar Áitiúil Cill Orglan Eanair-Meitheamh 2009

Comh Michael Cahill (FF)
Rossbeigh,
Glenbeigh

Comh Michael Connor-Scarteen (FG)
Main St,
Kenmare.
(D'éirigh as 2/1/2009)

Comh Patrick Connor-Scarteen (FG)
5 Main St,
Kenmare.
(Comhthoghadh 19/01/2009)

Comh Michael Healy-Rae,
Sandymount,
Kilgarvan

Comh Johnny O'Connor (FG)
Ardmoniel,
Killorglin

Comh Paul O'Donoghue, (FF)
Castlequin,
Caherciveen

Toghcheantar Áitiúil Cill Orglan Meitheamh-Nollaig 2009

Comh Michael Cahill (FF)
Rossbeigh,
Glenbeigh

Comh Patrick Connor-Scarteen (FG)
5 Main St,
Kenmare

Comh PJ Donovan (FG)
High Street,
Caherciveen

Comh Michael Healy-Rae,
Sandymount,
Kilgarvan

Comh Paul O'Donoghue (FF)
Castlequin,
Caherciveen

Baill Chomhairle Contae Chiarraí

Toghcheantar Áitiúil Cill Airne Eanáir-Meitheamh 2009

Comh Brendan Cronin,
Rathcomane,
Ballyhar,
Killarney

Comh Tom Fleming, (FF)
Scartaglin Village,
Killarney.

Comh Michael Gleeson,
(Aontas Chiarraí Theas)
Clasheen,
Killarney

Comh Danny Healy-Rae,
Main Street,
Kilgarvan

Comh Colin Miller (FF)
Faha,
Killarney

Comh John Sheahan, (FG)
Coolgarrive,
Tralee Road,
Killarney

Toghcheantar Áitiúil Cill Airne Meitheamh-Nollaig 2009

Comh Brendan Cronin,
Rathcomane,
Ballyhar,
Killarney

Comh Tom Fleming, (FF)
Scartaglin Village,
Killarney.

Comh Michael Gleeson,
(Aontas Chiarraí Theas)
Clasheen,
Killarney

Comh Danny Healy-Rae,
Main Street,
Kilgarvan

Comh Marie Moloney
(Lab)
Coolick,
Kilcummin,
Killarney

Comh Bobby O'Connell, (FG)
15 Main St,
Castleisland

Comh John Sheahan, (FG)
Coolgarrive,
Tralee Road,
Killarney

Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2009

Toghcheantar Áitiúil Trá Lí Eanáir-Meitheamh 2009

Comh Toiréasa Ferris, (SF)
Cnocáin,
Barrow,
Ardfert

Comh Ted Fitzgerald (FF)
Clash Cross,
Tralee

Comh Norma Foley, (FF)
St. Josephs Guesthouse,
2 Staughton's Row,
Tralee

Comh Pat McCarthy, (FG)
Maglass,
Ballymacelligott,
Tralee

Comh Anne McEllistrim (FF)
Ahane,
Ballymacelligott,
Tralee

Comh Terry O'Brien, (Lab)
Tonevane,
Tralee

Comh Bobby O'Connell (FG)
15 Main Street,
Castleisland

Toghcheantar Áitiúil Trá Lí Meitheamh-Nollaig 2009

Comh Toiréasa Ferris, (SF)
Cnocáin,
Barrow,
Ardfert

Comh Jim Finucane (FG)
6 Edward Street,
Tralee

Comh Norma Foley, (FF)
St. Josephs Guesthouse,
2 Staughton's Row,
Tralee

Comh Pat McCarthy, (FG)
Maglass,
Ballymacelligott,
Tralee

Comh Anne McEllistrim (FF)
Ahane,
Ballymacelligott,
Tralee

Comh Terry O'Brien, (Lab)
Tonevane,
Tralee

Comh Arthur Spring (Lab)
1 Brook Lodge,
Oakview Village,
Tralee

Toghcheantar an Daingin Eanáir-Meitheamh 2009

Comh Seamus Cosai Fitzgerald (FG)
Droichead Ban,
Glens,
An Daingean

Comh Breandán MacGearailt (FF)
Márthain,
Baile an Fheirtéaraigh

Comh Michael D O'Shea (FF)
Main Street,
Milltown

Baill Chomhairle Contae Chiarraí 2009

Toghcheantar an Daingin Meitheamh-Nollaig 2009

Comh Seamus Cosai Fitzgerald (FG)
Droichead Ban,
Glens,
An Daingean

Comh Brendan Griffin (FG),
Keel,
Castlemaine

Comh Michael D O'Shea (FF)
Main Street,
Milltown

Toghcheantar Áitiúil Lios Tuathail Eanair-Meitheamh 2009

Comh Robert Beasley, (SF)
Puicin,
Doon Road,
Ballybunion

Comh John Brassil (FF)
The Pharmacy,
Ballyheigue

Comh Tim Buckley, (FG)
Knockane,
Listowel

Comh Pat Leahy, (Lab)
Clounbrane,
Moyvane

Comh Liam Purtill (FG)
Main Street,
Ballylongford

Toghcheantar Áitiúil Lios Tuathail Meitheamh-Nollaig 2009

Comh Robert Beasley, (SF)
Puicin,
Doon Road,
Ballybunion

Comh John Brassil (FF)
The Pharmacy,
Ballyheigue

Comh Tim Buckley, (FG)
Knockane,
Listowel

Comh Pat Leahy, (Lab)
Clounbrane,
Moyvane

Comh Liam Purtill (FG)
Main Street,
Ballylongford

Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle

Bíonn cruinniú ag an gComhairle i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí ar an dtríú Luan in aghaidh na míosa (ach amháin mí Lúnasa). Le linn 2009 tháinig an Chomhairle iomlán le chéile 17 n-uaire.

Tá sé de dhualgas tábhachtach ar an gComhairle polasaí a dhréachtadh chun soláthar éifeachtach seirbhísí a chinntiú do phobal Chiarraí. Tógadh na cinní móra seo a leanas le linn 2009:

- Glacadh le Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009 – 2013 (Eanáir)
- Cruthaíodh an Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2009 - 2015 (Cruinniú Speisialta mí Aibreáin)
- Cruthaíodh Plean Bainistiú Tráchta don Neidín (Bealtaine)
- Ceadaíodh go nglacfaí mar chúram na dtrí Scéim Ghrúpa Soláthar Uisce Máistir Gaoithe, Coolbane agus Carhoonahone (Iúil)
- Glacadh le Scéim Leasaithe do Choiste Polasaí Straitéiseach Chontae Chiarraí (Meán Fómhair)
- Glacadh leis an bPlean Corparáideach 2009 - 2014 (Mí na Samhna)
- Cruthaíodh Plean Ceantar Áitiúil do Cheantar Feidhme Oileán Chiarraí 2009 - 2015 (Mí na Nollag)
- Cruthaíodh Plean Bainistiú Tráchta d'Ard Fearta (Mí na Nollag)

Imreoirí agus Bainistíocht foireann peil Chiarraí, le Méara Chiarraí Comh Bobby O'Connell sa fáiltiú Cathartha do foireann peil Chiarraí a bhuaigh Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann

Tugann Méara Chiarraí Comh Bobby O'Connell geansaí Chiarraí do Ambasadóir na Stáit Aontaithe i rith chuairt an Ambasadóir go dtí Seomra na Comhairle

Tuairisc ar Chruinnithe na Comhairle

Fáiltithe Cathartha 2009

Reachtáil Méara Chiarraí na Fáiltithe Cathartha seo a leanas le linn na bliana chun aitheantas a thabhairt do na gaiscí a bhí déanta ag na daoine seo:

- Antoinette O'Sullivan Uas – Toisc gur bhain sí gradam amach sna Cluichí Empire State dóíbh siúd atá faoi Bhac Corportha
- Foireann Peile Chiarraí Láir – Bhuaigh siad Craobh an Chontae 2008 sa Pheil Sinsearach
- Tharla comhfháiltiú do dhá dream i dteannta a chéile; Naomh Mícheál Faill Móir a bhuaigh Craobh na hÉireann Idirmheánach 2008 agus Fánaithe na Sceilge a bhuaigh Craobh na hÉireann Sóisearach 2008
- Thug Ambasadóir na Stát Aontaithe, Dan Rooney cuairt oifigiúil ar an gContae
- Foireann Sinsearach Peile Chiarraí – Bhuaigh siad Craobh na hÉireann 2009

Fáiltiú Cathartha do Skellig Rangers agus St Michael's Foilmore a bhuaigh Craobhchomórtas Clubanna na hEireann sóisearach agus idirmhéanach

Fáiltiú Cathartha do foireann Ciarri Lár a bhuaigh Craobhchomórtas Cluiche Peil Chiarrai.

Tuairisc ar Chruinnithe Toghcheantar

Toghcheantar	Cathaoirleach	Bainisteoir Ceantair	Líon Cruinnithe
An Daingean	Comh Breandán MacGearailt (Eanáir-Meitheamh 2009) Comh Seamus Cosaí Fitzgerald (Mean Fómhar -Nollaig 2009)	Cathal Ó Suilleabháin	4
Cill Airne	An Comh. Michael Gleeson	John Breen	4
Cill Orglan	Comh Paul O'Donoghue	John Flynn	4
Lios Tuathail	Comh Robert Beasley (Eanáir –Meitheamh 2009) An Comh. Liam Purtill (Mean Fómhair –Nollaig 2009)	Ann Haugh Uasal	4
Trá Lí	An Comh. Ted Fitzgerald (Eanáir –Meitheamh 2009) Comh Pat McCarthy (Mean Fómhair –Nollaig 2009)	Michael McMahon	4

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

Grúpa Polasaí Corparáideach

Coiste de chuid na Comhairle is ea an Grúpa Polasaí Corparáideach ar a bhfuil an Méara agus Cathaoirligh na gcúig gCoistí Polasaí Straitéiseach.

Fóram is ea an Coiste chun moltaí polasaí a phlé sula gcuirtear iad os comhair na Comhairle iomlán agus chuige sin bíonn an Coiste ag déanamh comhordú ar obair na CPS.

Is í an Chomhairle iomlán a thógann na cinní ar deireadh faoin bpolasaí a chuirtear faoina bráid sa chóras seo.

Bhí 10 gcinn de chruinnithe ag an GPC i 2009.

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Iompair

Tuairisc ón gComh Patrick Connor Scarteen (Cathaoirleach)

Ar na scéimeanna agus polasaithe a phléigh an coiste i rith 2009 bhí an méid seo a leanas:-

- Tuairisc ar Bhonneagar Soilsiú Poiblí
- Athbhreithniú ar an bPlean Gnímh 2009 don Straitéis atá ag Comhairle Contae Chiarraí um Shábháilteacht ar na Bóithre 2008 – 2010
- Tuairiscí ón Údarás um Shabháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoi Nithe Nua le cur isteach san NCT agus faoin gCóras Ceadúnaithe Céimnithe
- Tuairisc ar Thaisteal Cliste de chuid an Roinn Iompair – Todhchaí Inmharthana Iompair

I ndiaidh na dToghchán Áitiúla Meitheamh 2009, bunaíodh coiste nua amach sa bhliain 2009. Ghabh an Cathaoirleach nua An Comh Patrick Connor Scarteen buíochas leis an seanchoiste agus leis an gComh Dan Kiely as a gcuid iarrachtaí fad a bhíodar i mbun oibre le chéile.

Baill Eanáir-Meitheamh 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Dan Kiely (Cathaoirleach)	Pobal/Deonach	Hillary Scanlan
Comh Michael Connor-Scarteen (d'éirigh as 2/1/09)	Ceardchumainn	Tom Murphy
Comh Pat Leahy	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Denis O'Carroll
Comh Anne McEllistrim	Gnó/Lucht Tráchtála	Folúntas
Comh Michael O'Shea		
Comh Johnny Wall	Comhairle Baile Trá Lí	

Baill Meitheamh-Nollaig 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Patrick Connor-Scarteen (Cathaoirleach)	Pobal/Deonach	Carmel Walsh
Comh Michael Healy-Rae	Ceardchumainn	John Boner
Comh Pat Leahy	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Folúntas
Comh Anne McEllistrim	Gnó/Lucht Tráchtála	Michael O'Carroll
Comh Tim Buckley	Comhshaol/Caomhnú	Oonagh Comerford
Comh Jimmy Moloney	Comhairle Baile Lios Tuathail	

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Comhshaol & Seirbhísí Uisce

Tuairisc ón gComh Brendan Cronin (Cathaoirleach)

Roimis na dToghchán Áitiúla bhí cruinniú amháin ag an CPS Comhshaol agus pléadh roinnt ceisteanna polasaí.

Tháinig CPS nua le chéile i ndiaidh na dtoghchán agus an Comh Brendan Cronin mar Chathaoirleach. Ghabh an Comh Cronin buíochas leis an seanchoiste agus leis an gCathaoirleach, an Comh Bobby O'Connell, as a gcuid iarrachtaí fad a bhíodar i mbun oibre le chéile.

Ceisteanna Pléite

- Cigireacht Níotráití Feirme á dhéanamh ag foireann Údarás Áitiúla
- Tuairisc ar úsáid Gáis Líonadh Talún ag Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh
- Earraí fite a bhailiú agus a athchúrsáil.
- Dréacht fodhlíthe maidir le reiligí.

Baill Eanáir-Meitheamh 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Bobby O'Connell (Cath)	Pobal/Deonach	Paudie Casey
Comh Johnny O'Connor	Comhshaol/Caomhnú	Seamus Roche
Comh Breandán MacGearailt	Forbairt/Tógáil	Donnacha Galvin
Comh Michael Gleeson	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Conor Creedon
Comh Tom Fleming		
Comh Denis Stack,	Comhairle Baile Lios Tuathail	

Baill Meitheamh-Nollaig 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Brendan Cronin (Cath)	Pobal/Deonach	Seamus Roche
Comh Michael Gleeson	Comhshaol/Caomhnú	Patrick Casey
Comh Paul O'Donoghue	Forbairt/Tógáil	Richard Walsh
Comh Jim Finucane	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Conor Creedon
Comh Brendan Griffin		
Comh Denis Stack	Comhairle Baile Lios Tuathail	

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Pleanáil & Forbairt Gheilleagair

Tuairisc ón gComh Pat McCarthy (Cathaoirleach)

Bhí ceithre chruinniú ag an CPS Pleanáil agus Forbairt Gheilleagair i rith na bliana 2009 agus pléadh roinnt cáipéisi polasaí. Ba é an Plean Forbartha Contae, áfach, a bhí chun tosaigh acu i gcaitheamh na bliana.

Nuair a bhí an Chomhairle nua ar an bhfód i ndiaidh na dToghchán Áitiúla, tháinig coiste nua CPS le chéile agus an Comh Pat McCarthy mar chathaoirleach. Ghabh sé buíochas le baill an tseanchoiste as a gcuid iarrachtaí agus go háirithe leis an gCathaoirleach an Comh Terry O'Brien.

Ceisteanna Pléite

- Measúnú Baol Tuilte
- Dréachtphlean Ceantar Áitiúil do Chill Orglan
- Tuairiscí ar Reiligí i gCiarraí maraon le nósanna agus staitisticí a bhain le bainistíocht feidhme.

Baill Eanáir-Meitheamh 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Terry O'Brien (Cath)	Comhshaol/Caomhnú	Catherine McMullin
Comh John Brassil	Ceardchumainn	Patrick J. Cronin
Comh Michael Healy-Rae	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	Flor McCarthy
Comh Seamus Fitzgerald	Gnó/Lucht Tráchtála	James Clifford
Comh Brendan Cronin		
Comh Ted Fitzgerald		
Comh Brian O'Leary	Comhairle Baile Chill Áirne	

Baill Meitheamh-Nollaig 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Pat McCarthy (Cath)	Comhshaol/Caomhnú	Catherine McMullin
Comh John Brassil	Trade Union	Patrick Hanafin
Comh Séamus Fitzgerald	Gnó/Lucht Tráchtála	Blaithin McElligott
Comh Michael O'Shea	Talmhaíocht/Feirmeoireacht	James McCarthy
Comh John Sheahan		
Comh Terry O'Brien		
Comh Cathal Walshe	Comhairle Baile Chill Áirne	

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta

Tuairisc ón gComh Arthur Spring (Cathaoirleach)

Roimis na dToghchán Áitiúla bhí cruinniú amháin i 2009 ag an CPS Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta. Ar na ceisteanna a pléadh agus a aontaíodh an lá san bhí an Clár nua Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013.

Tharla díospóireachtaí freisin ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta-Socruithe Nua Léasuithe agus Na Caighdeáin Nua is Ísle do Chóiríocht ar Cíos.

Tar éis na dToghchán Áitiúla roghnaíodh an Comh Arthur J Spring mar Chathaoirleach. Ghabh an Comh Spring buíochas leis an gComh Colin Miller a bhíodh ina Chathaoirleach agus leis na baill eile agus mhol sé na hiarrachtaí a bhí déanta acu go dtí sin.

Baill Eanáir-Meitheamh 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Colin Miller (Cath)	Pobal/Deonach	William Morrell
Comh Tim Buckley	Pobal/Deonach	Eileen Mayse
Comh Michael Cahill	Pobal/Deonach	Cáit O Coileáin
Comh Toiréasa Ferris	Forbairt/Tógáil	Martin Walsh
Comh Danny Healy-Rae		
Comh Paul O'Donoghue		
Comh Tom Walsh	Comhairle Baile Lios Tuathail	
Comh Karen Tobin,	Comhairle Baile Thrá Lí	

Baill Meitheamh-Nollaig 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Arthur Spring (Cath)	Pobal/Deonach	John O'Sullivan
Comh PJ Donovan	Pobal/Deonach	Mary Grandfield
Comh Tom Fleming	Pobal/Deonach	Eileen Mayse
Comh Norma Foley	Forbairt/Tógáil	Richard Walsh
Comh Marie Moloney		
Comh Toiréasa Ferris		
Comh Seán O'Grady	Comhairle Baile Chill Áirne	
Comh Pat Hussey	Comhairle Baile Thrá Lí	

Tuairisc ón nGrúpa Polasaí Corparáideach & ó na Coistí Polasaí Straitéiseach

CPS Pobal, Cultúr & Turasóireacht

Tuairisc ón gComh Michael Cahill (Cathaoirleach)

Bhí dhá chruinniú ag an CPS Pobal, Cultúr & Turasóireacht i 2009. Pléadh na ceisteanna seo a leanas:

- Polasaí a fhorbairt don Ealaíon Phoiblí
- Turasóireacht i gCiarraí a chur chun cinn
- Polasaí a fhorbairt do Pháirtíocht an Phobail ionas go mbeadh guth an phobail ag dul i bhfeidhm ar chinní ina gceantar áitiúla féin.
- Seirbhís don Chustaiméir a fhorbairt i Leabharlanna Chiarraí
- Athbhreithniú agus bealaí nua don Leabharlann Taistil

Bhí díospóireacht ar siúl ag an dá Chathaoirleach CPS, an Comh Robert Beasley (Eanáir-Meitheamh 2009), an Comh Michael Cahill (Meitheamh-Nollaig 2009) agus ag na baill go léir a bhí go hiomlán úsáideach agus dearfach maidir leis na hábhair a bhíodh faoi chaibidil acu.

Ghabh an Comh Cahill buíochas leis an seanchoiste CPS agus leis an gComh Beasley as a bheith ag saothrú le chéile le cúig bliana anuas.

Baill Eanáir-Meitheamh 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Robert Beasley (Cath)	Pobal/Deonach	Mairead Lynch
Comh Norma Foley	Pobal/Deonach	John O'Sullivan
Comh John Sheahan	Pobal/Deonach	Andy McCarthy
Comh Pat McCarthy	Forbairt/Tógáil	Folúntas
Comh Niall O'Callaghan	Comhairle Baile Chill Áirne	

Baill Meitheamh-Nollaig 2009

Comhairleoirí	*Ar son Earnála*	*Ionadaithe*
Comh Michael Cahill (Cath)	Pobal/Deonach	Andrew McCarthy
Comh Danny Healy-Rae	Pobal/Deonach	Maura Fitzgerald
Comh Robert Beasley	Pobal/Deonach	Matt Mooney
Comh Bobby O'Connell	Gnó/Lucht Tráchtála (Turasóireacht)	Mary Rose Stafford
Comh Liam Purtill		
Comh Mairéad Fernane	Comhairle Baile Thrá Lí	

Baill na mBord/na gCoistí 2009

Coiste Iniúctha

Comh. Liam Purtill

Comh. A.J. Spring

Cathaoirligh na CPS

Pobal, Cultúr & Turasóireacht
Comh. Michael Cahill

Pleanáil & Forbairt Gheilleagair
Comh. Pat McCarthy

Iompar
Comh. Patrick Connor-Scarteen

Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta
Comh. Arthur J Spring

Comhshaol & Seirbhísí Uisce
Comh. Brendan Cronin

Coiste Uisce Tuaithe Contae Chiarraí

Comh Michael O'Shea
Comh Brendan Griffin
Comh Arthur J. Spring
Comh Marie Moloney
Comh Patrick Connor-Scarteen

Coiste Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil

Comh Tom Fleming
Comh Brendan Griffin
Comh Jim Finucane
Comh Arthur J. Spring
Comh Pat Leahy

Cumann Comhairlí Baile agus Cathrach

Comh Paul O'Donoghue
Comh P.J. Donovan
Comh John Sheahan

IRD Dúiche Ealla

Comh John Sheahan
Comh Marie Moloney

Bord Fiontar Chontae Chiarraí Teo.

Comh Norma Foley
Comh Brendan Griffin
Comh Arthur J. Spring
Comh Terry O'Brien

Seirbhís Oideachais Chiarraí

Comh John Brassil
Comh Anne McEllistrim
Comh Norma Foley
Comh Tim Buckley
Comh Brendan Griffin
Comh Jim Finucane
Comh P.J. Donovan
Comh Terry O'Brien
Comh Marie Moloney

Ainmnithe gan a bheith tofa

Sheila Casey
Kerry Harty Beauseigneur
John J. O'Connor
David Toomey

Baill na mBord/na gCoistí 2009

Coiste Teagmhála Pháirc Náisiúnta Chill Airne	**Cumann Comhaltaí Údarás Áitiúla**
Comh John Sheahan	Comh Pat Leahy
Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta	**Forbairt Chiarraí Thuaidh agus Thoir**
Comh Seamus Fitzgerald	Comh Tom Fleming Comh Tim Buckley Comh Arthur J. Spring
Fóram Réigiúnach Sláinte – Thiar Theas	**Údarás Réigiúnach Thiar Theas**
Comh Michael Healy-Rae Comh Brendan Griffin Comh Bobby O'Connell Comh Marie Moloney Comh Terry O'Brien	Comh John Brassil Comh Michael O'Shea Comh Liam Purtill Comh Bobby O'Connell Comh Seamus Fitzgerald Comh Pat Leahy Comh Arthur J. Spring
Tionól Reigiúnach Theas & Thiar	**Comhar Forbartha Chiarraí Theas Teo.**
Comh Liam Purtill Comh Bobby O'Connell	Comh Michael Cahill Comh John Sheahan Comh Marie Moloney
Meitheal Drugaí Réigiún an Deiscirt	**Cumann Oisrí Cuan Trá Lí Teo.**
Comh Pat Leahy	Comh Terry O'Brien
Coimisinéirí Chuan Trá Lí agus Cé An Fhianait	**Tralee Regional Sports and Leisure Company Ltd.**
Comh Jim Finucane Comh Pat McCarthy	Comh Terry O'Brien
Kerry Airport plc	
Comh Terry O'Brien	

Comhchoiste Póilíneachta

Toghcheantar An Daingean
Comh Brendan Griffin
Comh Seamus Cosaí Fitzgerald

Toghcheantar Trá Lí
Comh Anne McEllistrim
Comh Toiréasa Ferris
Comh Arthur J Spring

Toghcheantar Lios Tuathail
Comh Pat Leahy
Comh Robert Beasley
Comh Tim Buckley

Toghcheantar Cill Airne
Comh Bobby O'Connell
Comh Michael Gleeson
Comh Tom Fleming

Toghcheantar Chill Orglan
Comh Michael Cahill
Comh Patrick Connor-Scarteen
Comh P.J. Donovan

Comhdhálacha/Seimineáir/Cruinnithe ag a raibh Comhairleoirí i rith na bliana 2009

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i láthair
Comhdháil Gnó COC	Óstán Clarion Corcaigh	9
Cruinniú Mullaigh Fuinneamh Inmharthana Éireann 2009	Ionad Comhdhála Óstán Fairways, Dún Dealgan	3
Comhdháil Turasóireacht Aontroma	Óstan Dun Eadrach, Co. Aontroma	12
Seirbhísí Pleanála Údarás Áitiúla	Port Lairge	5
Cumarsáid Éifeachtach do Chomhairleoirí	Óstan Clonea Strand, Dún Gharb-háin, Co Phort Lairge	2
Íobartaigh na Coiriúlachta	Óstán Green Isle, Cluain Dolcáin	3
Fostaíocht Inmharthana i nDún Dealgan agus Iasmuigh	Óstán Crowne Plaza, Dún Dealgan	6
Comhdháil an Earraigh AMAI 2009	Óstán Clanree, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	15
Údarás Réigiún an Mheánthuaiscirt 15ú Comhdháil Bhliantúil	Óstan Woodlands House, Áth Dara	7
Cónaidhm Comhairleoirí Thuaidh Theas	Baile an Ghearlánaigh, Co Lú	9
Seimineár um Shaoráil Faisnéise	Óstan Patrick Punch, Luimneach	1
Scoil Gheimhridh Cholmcille	Ionad Oidhreachta Cholmcille, Leitir Ceanainn	15
Tuiscint ar Raidió Ospidéal	Óstán Green Isle, Cluain Dolcáin	1
Comdháil Idirnáisiúnta Rialtas Áitiúil 2009	Cill Airne, Co. Chiarraí	5
17ú Comhdháil Bhliantúil 2009 Aitheantas Comhshaol Chiarraí	Óstán Golf, Baile an Bhuinneánaigh	15
Seimineár do Chomhairleoirí Rialacháin Fuinneamh Tógála	Óstán Glenlo Abbey, Bushypark, Gaillimh	2
Comhdháil na Gaeilge	Óstán Four Seasons, Cúl Seannach, Co Mhuineacháin	6
Seimineár do Chomhairleoirí Rialacháin Phleanála & Forbartha	Óstán Glenlo Abbey, Bushypark, Gaillimh	4
Ionad Litríochta & Cultúrtha Chiarraí Seanchaí	Óstan Listowel Arms, Lios Tuathail	9
Comhdháil Bhliantuil Fóram Bhaile an Mhistéalaigh 2009	Óstán Fir Grove, Baile an Mhistéalaigh, Co Chorcaí	3
Taithí Chathair na Mart - 20 Bliain ag Fás	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	4
Comhdháil ACCC 2009	Óstán Ormonde, Cill Chainnigh	10

Comhdhálacha/Seimineáir/Cruinnithe ag a raibh Comhairleoirí i rith na bliana 2009

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i láthair
Comhthionól Réigiúnach BMW Comhdháil Reigiú-nach 2009	Óstan Abbey, Ros Comáin	2
Comhdháil an Earraigh LAMA 2009	Óstán Heritage, Portlaoise	8
4ú Comhdháil Phleanála RDA	Óstán Brehon , Cill Airne	2
Comhdháil Náisiúnta Tithíochta 2009	Óstán Radisson, Sligeach	1
Seimineár Fóram Tríú Earnála	Óstán Kingsley, Corcaigh	2
Cumann Tithíochta Respond	Óstan Osprey, Nás, Co. Chill Dara	1
25ú Comhdháil Chomhshaoil Stáisiún Mara Inis Earcáin	Óstán Carrigaline Court, Corcaigh	1
Tacaíocht do Lucht Cúram	Baile an Ghearlánaigh, Co Lú	1
4ú Scoil Samhraidh gan Bhrabús	IMI, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath	1
Ón Stocaireacht go Seomra na Comhairle	Óstan Iarthar Chorcaí, An Sciobairín, Co Chorcaí	1
Scoil Samhraidh de hÍde	Bealach an Doirín, Co Ros Comáin	1
Féile Ealaíon & Scoil Samhraidh Loch Rí	Béal Átha Liag,Co Longfoirt	1
An Chéad Scoil Samhraidh Percy French	Baile Mhic Oireachtaigh Co Ros Comáin	1
Scoil Samhraidh MacGill 2009	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	1
Rialacháin Phleanála & Fuinneamh Foirgníochta	Óstan Carlton Millrace, Bunclody	3
Cumarsáid Éifeachtach	Óstán Connemara Coast , Furbo	2
Fuinneamh & Caomhnú Fuinnimh	Óstan, Cathair na Mart	4
Scoil Samhraidh Parnell 2009	Teach Avondale, Co Chill Mhantáin	6
Ról Rialtas Áitiúla i gCaomhnú Acmhainní Ulsce	Óstan Connemara Coast, Furbo	5
Scoil Samhraidh Humbert	Ionad Ealaíon, Béal an Átha	3
Cruinniú Ginearálta Neamhghnách IPBMI	Óstan Burlington, Baile Átha Cliath	1

Comhdhálacha/Seimineáir/Cruinnithe ag a raibh Comhairleoirí i rith na bliana 2009

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i láthair
Pleanáil & an Dlí Eorpach	Óstán Days, Port Lairge	2
Éigse Benedict Kiely	Ó Méith	1
Réitigh ar Thithíocht in Aois Nua	Óstan Sheraton, Áth Luain	1
5ú Chomhdháil Comhshaol Éireann	Páirc an Chrócaigh	1
Comhdháil Bhéaloidis	Teach Mucros, Cill Airne	4
7ú Comhdháil Turasóireachta	Ceatharlach	1
The Irish Association of Suicidology	Dunraven Arms, Áth Dara	1
An Slí Abhaile	Scoil Cheoil Chorcaí	1
3ú Cruinniú Mullaigh Náisiúnta Uisce	Páirc an Chrócaigh	1
Getting a Grip 2009	Óstán Europa, Cill Airne	2
Ceiliúradh an Bhlascaoid 2009	Ionad an Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin	3
Seimineár Oiliúna Comhairleoirí Thuaidh Theas	Baile an Ghearlánaigh, Co Lú	1
Comhdháil de hÍde 2009	Bealach an Doirín, Co Ros Comáin	6
Clár Oiliúna do Chomhaltaí Nuathofa 2009	Óstan Newpark, Cill Chainnigh	4
Gradaim RDS Fhoraoiseachta Éireann 2009	Caisleán Chill Chainnigh	1
Plean Straitéiseach COC 2009-2012	Coláiste na hOllscoile Chorcaí	1
Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta	Caraig na Siúire, Co Thobraid Árann	1
Fóram Cuimsiú Sóísialta 2009	Páirc an Chrócaigh	1
Seimineár Geimhridh LAMA 2009	Óstan Carlton Castletroy Park, Lum-neach	4

Comhdhálacha/Seimineáir/Cruinnithe ag a raibh Comhairleoirí i rith na bliana 2009

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon i láthair
Comhdháil Scileanna na Meán & TE	Óstan Creggan Court, Áth Luain	3
Respond- Nósanna agus Ceisteanna Tithíochta	Ionad Oideachais Respond, Baile Átha Cliath	1
Eitic sa tSaol Poiblí	Óstán Sligo Park	1
Seachtú Fóram Náisiúnta Rádóin	An Coláiste Ríoga Lianna, Baile Átha Cliath	1
Buiséid Chomhairlí 2010	Óstan Silver Tassie, Leitir Ceanainn	1
Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta	Inis Díomáin, Co. an Chláir	6
Leas Obair Dheonach	Óstan Morrison, Baile Átha Cliath	1
Comhpháirteanna Idirlín	Óstán Louis Fitzgerald,Cluain Dolcáin	1

Comhdhálacha/Ócáidí thar sáile ag a raibh Comhairleoirí i rith na bliana 2009

Comhdháil/Ócaid	Láthair	Líon i Láthair
Cuairt an Mhéara ar na SA Lá 'Le Pádraig	Nua Eabhrach	1

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €199,948.34 i 2009 ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag comhdháil, seimineár nó ag aon chruinniú nó ócáid eile. Bhain €199 020.93 le liúntais taistil agus cothaithe anso in Éirinn agus bhain €927.41 lena leithéid de chostais thar sáile.

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €208 385.67 i 2009 mar Liúntas Bliantúil comhairleoirí agus €208 385.67 mar liúntais dóíbh siúd nach bhfuil mar bhall coiste.

As part of Kerry County Council's "Be Safe Be Seen" Road Safety Campaign 2009, the Mayor of Kerry, Cllr. Tom Fleming presented high visibility jackets to 120 Beaver Scouts, in Killarney on Sunday, March 29th.

Costais Toghcháin na nIarrthóirí

Iomlán Costais Toghcháin agus Bronntanais Fhaighte do Thoghchain Áitiúla 2009

Ainm	Seoladh	Caiteachas	Bronntanais
		€	€
Beasley Robert	Púicín, Doon Road, Ballybunion	2,689.32	1,000.00
Brassil John	The Pharmacy, Ballyheigue	8,528.19	
Buckley Tim	Knockane, Listowel	5,208.17	
Cahill Michael	Rossbeigh, Glenbeigh	9,481.41	2,951.70
Collins Tommy	Liosardboula, Trá Lí	3,070.00	
Comerford Oonagh	Clogherane, Lauragh, Kenmare	3,771.91	1,655.00
Connor-Scarteen Patrick	5 Main Street, Kenmare	10,293.40	3,185.00
Conway Michael	Lisoughtra, Lixnaw	3,850.00	
Cronin Brendan	Rathcomane, Ballyhar, Killarney	11,056.54	
Donovan PJ	High Street, Caherciveen	6,982.47	2,000.00
Ferris Toiréasa	Cnocáin, Barrow, Ardfert	3,979.82	
Finucane Jim	3 Cloondara, Tralee	5,144.08	
Fitzgerald Breandán	An Daingean Heights, Ballinaboula, An Daingean	7,349.97	1,000.00
Fitzgerald Séamus	Droichead Bán, Glens, An Daingean	6,620.00	
Fitzgerald Ted	Clash Cross, Tralee	4,526.76	800
Fleming Tom	Scartaglen Village, Farranfore	8,768.36	250
Foley John	Knockanish, Spa, Tralee	3,950.07	
Foley Norma	"St Joseph's, Staughton's Row, Tralee	4,580.84	800
Gleeson Michael	Clasheen, Killarney	10,506.32	
Gorman Maria	Bedford, Listowel	2,043.32	800
Grady Donal	5 Ardshanavooly, Killarney	6,083.00	
Grey David	Gurraun, Tralee	1,986.04	
Griffin Brendan	Keel, Castlemaine	9,849.21	
Griffin Timmy (RIP)	53 Connolly Park, Tralee	2,350.14	
Hanafin Patrick	Beenbawn, An Daingean	8,750.00	
Hannon Moss	Ballyconnell, Kilflynn	4,572.87	
Healy-Rae Danny	Main Street, Kilgarvan	13,921.48	
Healy-Rae Michael	Sandymount, Kilgarvan	11,912.14	2,750.00
Kiely Daniel	East End, Ballybunion	2,974.60	
Leahy Pat	Clounbrane, Moyvane	3,985.00	
Lynch Donald	Gearhadiveen, Kenmare	7,638.00	2,500.00

Costais Toghcháin na nIarrthóirí

Ainm	Seoladh	Caiteachas	Bronntanais
		€	€
McCarthy Pat	Maglass, Ballymacelligott, Tralee	5,928.65	
McEllistrim Anne	Ahane, Ballymacelligott, Tralee	6,532.69	770.34
Moloney Marie	Coolick, Kilcummin, Killarney	8,357.47	
Ní Bhaoighealláin Lynn	Cuas, Baile na nGall, Trá Lí	1,930.45	
Ó Beaglaoí Breannain	Cuas, Baile na nGall, Trá Lí	1,155.00	
O'Brien Terry	Tonevane, Tralee	5,412.00	
Ó Fuaráin Risteárd	9 Páirc Mhuire, Baile Uí Thaidhg	2,982.50	
Ó Murchú Darach	Baile Dháith, Baile na nGall, Trá Lí	1,004.00	
O'Connell Bobby	Main Street, Castleisland	3,359.76	
O'Connor Brigid	Gleann na nGealt, Camp, Tralee	6,794.38	
O'Connor John J	Ardmoniel, Killorglin	11,071.10	
O'Donoghue Paul	Castlequin, Caherciveen	9,384.53	
O'Leary Brian	Farranaspig, Aghadoe, Killarney	9,146.51	
O'Neill Conor	Baile an Liaigh, Ceann Trá, Corca Dhuibhne	850	650
O'Shea Michael D	Main Street, Milltown	10,377.21	
Purtill Liam	Main Street, Ballylongford	6,173.87	
Rafter Moriarty Theresa	Lispole, Co Kerry	2,658.00	
Sheahan John	Tralee Road, Killarney	9,607.21	
Sheehan John	48 Iveragh Park, Killorglin	2,994.07	3,000.00
Spring Arthur J	1 Brook Lodge, Oakview Village, Tralee	7,862.00	
Walsh Cornelius	Ardnagrath House, Cordal East, Castleisland	2,055.59	
Iomlán		312,060.42	24,112.04

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Contae Chiarraí

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta agus Tacaíocht Shóisialta

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen
Foireann Shinsearach:
Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Liam Quinlan
Ailtire Sinsearach Feidhmiúcháin: Deirdre Sullivan

"Cé go bhfuil cúrsaí geilleagair ag athrú mar atáid faoi láthair d'éirigh leis an Roinn Tithíochta i gComhairle Contae Chiarraí tithíocht shóisialta a cheannach, a fháil agus a bhainistiú sa chontae i rith na bliana 2009."

Anois níos mó ná riamh tá tábhacht faoi leith ag baint lena mbíonn ar siúl ag an Roinn Tithíochta chun áitreabh oiriúnach a sholáthar do mhóran teaghlach ar fud an chontae nuair nach bhfuilid in ann a leithéid a bheith acu as a n-acmhainní fein.
Bhí laghdú i mbliana ar an ndáileadh a fuarthas ón gClár Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta (SHIP) ach fós bhí Comhairle Contae Chiarraí in ann cabhrú le 168 dteaghlach maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar a bhí ag freagairt dá gcuid riachtanas féin.
Bhíothas ábalta cabhrú le 135 theaghlach eile trín Scéim um Chóiríocht ar Cíos a ritheann Comhairle Contae Chiarraí dá limistéar féin agus ar son na gceithre gComhairlí Baile i gCiarraí. Ina theannta san fuair an earnáil Tithíochta a oibríonn ar bhonn Deonach agus Comharchumann deontais agus tacaíocht i leith 70 tigh eile a thógaint.

Measúnú ar Ghanntar Tithíochta
Tagann méadú i gcónaí ar an líon teaghlach a lorgaíonn cabhair uainn. Bhí cead áitribh faighte ag 1 037 dteaghlach ag deireadh na bliana 2009 agus bhí orainn cinneadh a chur ar athló i gcás 516 theaghlach ag brath ar an nganntar atá acu siúd le tithíocht shóisialta ar bhonn fadtéarmach a mheas.
Bhí 377 n-iarratas eile fós gan mheasúnú ag deireadh na bliana. Léiríonn na figiúirí anso thíos go bhuil líon na n-iarratas ag dul i méid le dhá bhliain anuas.

Bliain	Líon iarratas	Nótaí
2007	532	
2008	683	Meadú 28.4% ar 2007
2009	798	Meadú 47.3% ar 2007

Títiocht inacmhainne Ardfhearta

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta agus Tacaíocht Shóisialta

Pobail Inmharthana a Thógaint

Le linn na bliana 2009 thug Comhairle Contae Chiarraí cúnamh airgid do chumainn áitritheoirí chun na limistéir phoiblí a bhaineann leo a chothú. Mar gheall ar an méid seo agus ar shaothar an Oifigeach Caidreamh Tionóntaithe bunaíodh nó athbhunaíodh 42 chumann dá leithéid i rith na bliana.

Ba ríléir i mí na Samhna go raibh tionóntaithe an-ghníomhach ar fad sa réimse úd nuair a bhain Páirc Uíbh Ráthach an chéad duais amach sa roinn Eastáit Tithíochta ag na gradaim Mórtas Ceantar Dúchais a tionóladh sa Chaisleán Nua, Co an Dúin.

Más féidir in aon chor é, bíonn an Roinn Tithíochta ag obair in éineacht le grúpaí pobail chun suímh nó áitribh a sholáthar de réir gá.
Dhá shampla de bhearta ar an gcuma san is ea na hlonaid Acmhainní Pháirc Uíbh Ráthach agus Ceann Chiarraí/Baile Uí Thaidhg.

Fuarthas deontas speisialta ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun oifigeach a fhostú a mbeidh sé de chúram air an gheilliúlacht a chinntiú maidir le polasaí agus le cleachtais na Comhairle do thonóntaithe.

Tógáil agus Fála Tithíochta

Ag deireadh 2009 bhí 58 n-áitreabh á dtógáil do thithíocht shóisialta idir chúig scéim sna háiteanna seo a leanas – An Coireán (14) An Ráth Mhór (12) An Caladh (6) An Daingean (6) Oileán Chiarraí (12) agus 8 gcinn de thithe aonair faoin dtuath.
Críochnaíodh 10 dtigh i dTairbeart (8) maraon le 2 thigh aonair faoin dtuath agus ceannaíodh 13 thigh do thithíocht shóisialta.
Toisc go mbeidh laghdú ar an maoiniú caipitiúil ón rialtas, is é is dóichí ná go mbeidh líon teoranta tionscnamh tógála ar siúl againn i 2010.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Le linn 2009 d'aistrigh 135 thionónta go dtí an Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

An Scéim Deontas chun Tithe a chur in Oiriúint do Dhaoine Scothaosta agus do Lucht Míchumais

Bunaíodh an Scéim Deontas chun Tithe a chur in oiriúint do Dhaoine Scothaosta agus do Lucht Míchumais mí na Samhna 2007 agus bronnadh 602 dheontas ar an iomlán faoi na scéimeanna úd go dtí seo:

- 349 gcinn de dheontais faoin Scéim chun Tithe a chur in Oiriúint
- 253 gcinn de dheontais faoin Scéim Deontas chun Cúnamh Tithíochta a thabhairt do Dhaoine Scothaosta

Faoi dheireadh na bliana bhí 656 chinn d'iarratais nár tógadh aon chinneadh fós fúthu. Toisc an líon mór díobh a bhí againn agus an maoiniú teoranta atá ar fáil, bhí orainn liosta tosaíochtaí a bhunú. Mar sin féin deineadh próiseas ar gach aon iarratas práinneach. Ar an iomlán dáileadh €2.753m i 2009.

Tuairisc ón Stiúrthóir Tithíochta agus Tacaíocht Shóisialta

Scéim Oibreacha Feabhsúcháin

Bhí laghdú ó bhlianta eile ar acmhainní Chontae Chiarraí don ghné seo na bhfeabhsúchán toisc laghdú a bheith ar an maoiniú agus toisc nár díoladh móran tithe de chuid na comhairle. D'éirigh linn, áfach, €100 000 a fháil ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Dá bharr san agus mar gheall ar cómhaoiniú ó Chomhairle Contae Chiarraí bhíothas in ann roinnt Tithe Aonair faoin dTuath a uasghrádú i mbliana.

Bearta Éifeachtúla Fuinnimh

Mí Bealtaine fógraíodh maoiniú chun athdhíonadh agus bearta eile éifeachtúla fuinnimh a chur i gcrích i dtithe de chuid údarás áitiúla a bhí folamh. Baineadh leas astu seo chun an obair a dhéanamh ar 29 gcinn dár gcuid tithe folmha le cabhair deontas €250,000 ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil.

Ó 1 Eanáir 2009 caithfear teastas Grádú Fuinneamh Foirgníochta (BER) a bheith ann do gach tigh nua a chríochnaítear agus do gach tigh a dhíoltar nó a thugtar ar cíos ag aon údarás áitiúil. Tá traenáil speisialta chuige seo déanta ag an bhFoireann sa Roinn Innealtóireachta.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009 – 2013

Glacadh le Clár nua Cóiríochta don Lucht Siúil 2009 – 2013 go luath sa bhliain tar éis an t-ábhar a phlé ag dhá chruinniú den Choiste um Chóiríocht don Lucht Siúil. Clár é seo atá ar bun ar fud na tíre chun díriú ar riachtanais 140 teaghlach an Lucht Siúil thar na cúig bliana atá i gceist sa chlár. Bunaíodh Coiste nua Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil tar éis na dtoghchán áitiúla. Bhí dhá chruinniú acu cheana féin agus beidh cruinniú acu in aghaidh gach dhá mhí chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcur i gcrích.

Tithíocht Dheonach

Leanann Comhairle Contae Chiarraí den tacaíocht a thugtar do Chomhlachtaí Deonacha a bhíonn i mbun tithíocht a sholáthar do dhaoine scothaosta, do lucht míchumais nó do dhaoine gan dídean. Críochnaíodh 70 aonad ar fad a bhí réidh le ligint ar cíos i 2009 agus bhí 39 gcinn eile á dtógáil ag deireadh na bliana.

Suímh Thréigthe

Le linn 2009 díríodh ar shuimh a bhí tréigthe i mbailte agus i sráidbhailte atá ar na Príomhbhealaí Turasóireachta agus i gcuid de na bailte móra is mó sa chontae. Ar an mórgóir bhí úinéirí toilteanach comhoibriú linn agus go minic chuireadar an obair riachtanachh i gcrích. Ar an gcuma san ní bhíodh aon ghá le fógraí reachtúla ná le dul ar an gClár Suíomh Tréigthe. Bhí an tOifigeach Suíomh Tréigthe ag comhoibriú le grúpaí pobail maidir le hobair a chur i gcrích agus le suímh a bhaint den chlár. Tá ag éirí go breá linn sna bearta úd anois i 2009 agus laghdú ar an líon suíomh ar an gclár ó 140 ag deireadh 2008 go dtí 108 ar fad atá fós ar an gclár ag deireadh 2009.

Feidhmíocht Thábhachtach
• 2 356 áitreabh ar cíos faoi stiúir agus á gcothú ag an Roinn Tithíochta • 27 n-aonad do thithíocht shóisialta tógtha nó ceannaithe • 168 dteaghlach a fuair Tithíocht go díreach ón gComhairle • 135 thionónta nua a bhíodh ag fáil Liúntas Cíosa anois aistrithe go dtí an Scéim um Chóiríocht ar Cíos • Glacadh leis an gClár nua um Chóiríocht don Lucht Siúil 2009-2013. • Cuireadh deisiúchain i gcrích ag freagairt do1,092 iarratas • Tairgítear cúrsaí Réamhthionóntachta do thionóntaithe nua faoin Údarás Áitiúil • Feabhsaíodh 50 thigh Aonair faoin dTuath • Tharla bearta fuinnimh éifeachtúla i gcás 29 dtigh a bhí folamh • Táthar ag plé le 656 iarratas faoin Scéim Deontas chun tigh a chur in oiriúint do Dhaoine Scothaosta agus do Lucht Míchumais • Clár teas lárnach críochnaithe sa stoc tithíochta ar fad atá ag an gcomhairle • 70 áitreabh críochnaithe ag an earnáil Tithíochta Deonach agus Comharchumann

Tuairisc ón Stiúrthóir Bóithre Iompair agus Sábháilteachta

Stiúrthóir Seirbhísí: Charlie O'Sullivan
Foireann Shinsearach:-
Innealtóir Sinsearach – Oibriú an Ghréasán Iompair: Ger MacNamara
Innealtóir Sinsearach – Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta Chiarraí: Matt Corridan

"Tá sé d'aidhm againn gréasán bóithre chun leas an phobai idir áitiúil agus cuairteoirí a sholáthar, ar bhonn nua-aimseartha, sábháilte agus in-mharthana agus a rachaidh chun leas an chontae ar an iomlán idir gheil-leagar, comhshaol, cuimsiú sóisialta agus cáilíocht na beatha"

Sa Roinn Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta i gContae Chiarraí tá cheithre aonad gnó – an Oifig um Dhearadh Bóithre Chiarraí (KNRDO), an Roinn um Oibriú an Ghréasán Iompair, an Oifig Mhótarchánach agus an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta.

Is iad an KNRDO agus an tAonad um Oibriú an Ghréasán Iompair atá freagrach as bonneagar bóithre a bheith againn atá nua-aimseartha, sábháilte agus inmharthana chun leas an chontae idir fhás agus forbairt an gheilleagair. Tá an t-aonad seo freagrach freisin as na céanna agus cuanta a bhaineann leis an gComhairle a stiúradh.

Sa ghréasán bóithre atá againn sa chontae tá 96cm Príomhbhóithre Náisiúnta agus 336cm Bóithre Tánais-teachta a nascann na príomhbhailte le Mol Trá Lí-Cill Airne agus leis an mbealach amach as an gcontae go príomhbhóithre agus go moil náisiúnta. Is iad bóithre réigiúnacha agus áitiúla, áfach, atá i mbreis is 90% den ghréasán, 4 281cm ar fad, atá fíorthábhachtach don ghréasan sóisialta a bhíonn ag freastal ar riach-tanais an phobail tuaithe don chuid is mó.

Cuireadh go mór leis an mbonneagar bóithre i 2009 nuair a cuireadh tús leis an Seachród Oileán Chiarraí agus le deimhniú an Ordú Ceannaigh Éiginnteach (CPO) agus leis an Scéim Tionchar Comhshaoil (EIS) don Seachród Trá Lí/Bóthar ó Thrá Lí go Bealagreallagh.

Mí Aibrean 2009 bronnadh an conradh chun Seachród Oileán Chiarraí a thógaint ar BAM Civil Engineering Ltd., agus ceaptar go mbeidh sé réidh faoi dheireadh 2010. Giorrófar go mór an turas go Luimneach nó go Baile Átha Cliath agus go hAerfort Chiarraí. Cuirfear le sábháilteacht agus le cáilíocht na beatha in Oileán Chiarraí chomh maith.

Níl an fad céanna 336cm bóithre tánaisteacha atá i gCiarraí in aon chontae eile in Éirinn. Le cúig bliana anuas tharla móroibreacha feabhsúcháin agus athailínithe ar an nGréasán Bóithre Tánaisteacha anseo i gCiarraí ar chostas €38m.

Le linn 2009 caitheadh breis is €5m ar phábháil. Freisin tharla athailíniú mór ar chodanna den N70 ó Dhroichead na Doinne go Tathuile agus ar an N72 Gortanahaneboy. Cuireadh tús le móroibreacha freisin ar Dhroichead Léin i gCill Orglan.

Bhíodh an Roinn Iompair freagrach as deontais bóithre a riaradh ach ó Mheán Fómhair 2009 i leith tá an cúram san ar an Údarás um Bhóithre Náisiúnta.

I dteannta acmhainní Comhairle Contae Chiarraí tagann deontais ón Rialtas lárnach chun an gréasan bóithre a chothú agus a fheabhsú. Bhí laghdú 15% áfach i 2009, rud a chuir teorainn leis an méid oibreacha bóthair a bhí ar an gclár againn.

Tuairisc ón Stiúrthóir Bóithre Iompair agus Sábháilteachta

Trín gclár bóithre atá ag Comhairle Contae Chiarraí spreagtar gnó i ngeilleagar an chontae mar ceannaítear ábhar ó chairéil áitiúla, faightear fearas agus innealra ar cíos agus is iad muintir na háite a bhíonn ag obair ar na bóíthre.

Infheistíodh breis is €48m i 2009 sa ghréasán bóíthre idir phleanáil, dearadh, forbairt agus cothú don ghréasan bóithre 4,713cm agus tharla feabhsúchán ar bheagnach 90cm ar fad.

Chaith Comhairle Contae Chiarraí €23.7m ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha. Leanadh den obair ar Chlár trí bliana Athchóiriú Bóithre. Ba iad foireann bóithre Comhairle Contae Chiarrai a chríochnaigh 48 Scéim Feabhsúchán Áitiúla ar chostas €1.3m.

Ar ndóigh chuir an drochaimsir isteach orainn i mbliana. Taifeadadh beagnach 2,150 mm (84 orlach) báistí i rith na bliana, figiúir a bhí 50% níos airde ná an meán thar 30 bliain agus a bhí ar an bhfigiúir ab airde sa tír ar fad. De dheasca báistí a bhí an-trom go rialta mí Lúnasa agus mí na Samhna bhí tuilte nach beag ar fud an chontae.

Ní raibh aimsir chomh fuar ó 1963 i leith is a bhí le linn dúluachair na bliana isteach i 2010. Bhí foireann bóithre na Comhairle ag freagairt gach aon ghlao práinne agus iad ar a ndícheall ag iarraidh an díobhail do thithe agus d'áitribh gnó a laghdú. Chaitheadar uaireanta fada ag obair go dícheallach ar bhóithre an chontae ionas go mbeadh cách in ann taisteal go slán sábháilte.

In anneoin na mbac a bhí orainn d'éirigh leis an bhfoireann an clár bóithre a chríochnú in am agus freisin d'éirigh leo cloí leis an mbuiséad a bhí leagtha síos dóíbh.

Bronnadh Gradam clúiteach ar an gComhairle nuair a bhain siad an Gradam Coillte Bithéagsúlachta RDS 2009 maraon le bonn airgid as an bpleanáil straitéiseach agus bainistíocht a dheineadar trí Choill Bhaile Ó Síoda a fhorbairt mar áis taitneamhachta inmharthana do phobal Thrá Lí agus an cheantair máguaird.
Tá na gradaim chéanna ar bun le 22 bhliain anuas agus ní bhfuair aon chomhlacht stáit na údarás áitiúil an gradam seo riamh go dtí go bhfuiar Comhairle Contae Chiarraí é i mbliana.

Rinne Oifig Mhótarchánach Ciarraí próiseas ar 139,360 gnóthaí le linn 2009 agus bailíodh €22.5m mar ioncaim Stáit. Leantar i gcónaí den nós a thosnaigh cúpla bliain ó shin agus na seirbhísí mótarchánach ar fáil ar líne mar áis do chustaiméirí.

Is iad an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta atá freagrach as bearta a fhorbairt agus a chur i gcrích maidir le sábháilteacht do chách ar na suímh seo againne idir fhostaithe, conraitheoirí, lucht úsáide agus an pobal i gcoitinne. Chun na haidhmeanna úd a chinntiú bíonn oiliúint leanúnach ar bun don bhfoireann i gcúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá an caladh nua i mBaile an Ridire á thógaint i gcónaí. Níor deimhníodh an CPO don bhóthar isteach ag Cé An Cromán agus b'éigean tús a chur leis an bpróiseas Pleanála Cuid 8.

Aerfótagraf seachbhothar Oilean Chiarraí

Obair Cosaint an Chósta Fenit

Tuairisc ón Stiúrthóir Bóithre Iompair agus Sábháilteachta

Gaiscí Tábhachtacha i 2009

Príomhbhóithre Náisiúnta (96cm)

- Cuireadh tús leis an dTógáil ar Sheachród Oileán Chiarraí ar an N21
- Dheimhnigh An Bord Pleanála an CPO do Sheachród Thrá Lí ar an N22
- Feabhsaíodh fad 2cm pábhála ar an N22 agus ar an N23
- Tógadh dhá thimpeallán ag Lissivigeen agus ag an Linn Snámha i gCill Airne

Bóithre Tánaisteacha (336cm)

- Críochnaíodh an measúnú comhshaoil ar roghanna cúrsa do Sheachród Lios Tuathail ar an N69
- Fuarthas tuairisc oiriúnachta d'fheabhsúcháin ar an N86 idir An Com agus An Daingean
- Caitheadh €5m ar Bhóithre Tánaisteacha
- Feabhsaíodh an bóthar ag Droichead Léin
- Cuireadh dromchla nua ar chúig chiliméadar bóthair
- Críochnaíodh trí thionscnamh sábháilteachta

Bóithre Neamh-Náisiúnta (524cm Bóíthre Réigiúnacha & 3757cm Bóithre Áitiúla)

- Caitheadh €23.7m ar Bhóithre Neamh-Náisiunta a chothú agus a fheabhsú
- Oibreacha sábháilteachta déanta ag seacht n-ionad
- Ceapadh conraitheoir chun Droichead Ballinagar a thógaint
- 48 scéim críochnaithe faoin Scéim Feabhsúchán Áitiúla
- Feabhsaíodh cúig bhóthar faoin Scéim Pháirtíocht Phobail
- Feabhsaíodh182.5cm bóíthre réigiúnacha agus áitiúla faoin gClár Athchóírithe
- Osclaíodh Céim a hAon de Bhóthar Faoisimh An Daingean

Forfheidhmiú agus Sábháilteacht ar na Bóithre

- Scrúdaigh an tOifigeach um Fhorfheidhmiú ar na Bóithre thart ar 429 gcinn de ghearáin m.sh. feithiclí faoi ualach rómhór, draenáil, bealaí amach ar bhóthar, díobháil do bhóíthre, comharthaí ina mbac ar an mbóthar
- Reachtáladh Seó Bóthair Chomhairle Contae Chiarraí um Shábháilteacht ar an Bóíthre

Tuairisc ón Stiúrthóir Bóithre Iompair agus Sábháilteachta

Gaiscí Tábhachtacha i 2009

Céanna agus Cuanta

- Cé An Cromán – Pleanáil Cuid 8 ar siúl
- Cé Baile an Ridire – dul chun cinn suntasach déanta ar na hoibreacha tógála don chuan nua

Cosaint Chósta

- Rinneadh móroibreacha ar an R558 ag Cill Fhionnúrach, An Fhianait. Cuireadh armúr carraige 300m ar stráice imeall trá mar ba léir gur tharla creimeadh nach beag san áit.
- Tá monatóireacht á dhéanamh ag suímh eile thart fan gcósta.

An tIonad Innealra

- Tharla mórathbhreithniú ar an bhFearas ar Cíos le linn na bliana

Gaiscí Eile

- Tosnaíodh ar an CPO don bhóthar áitiúil L1010 i dTairbeart.
- Tosnaíodh ar Staidéar Rialú Tráchta do bhaile Thrá Lí
- Ceadaíodh Plean Bainistíochta do Choill Bhaile Ó Síoda agus glacadh leis
- Bhuaigh Comhairle Contae Chiarraí an Gradam Coillte Bithéagsúlachta RDS 2009 mar gheall ar Choill Bhaile Ó Síoda
- Rinneadh 1,200 triail inmheánacha ar ábhar déanta bóithre
- Tá dhá dhroichead coisithe déanta chun dul isteach ar Charrán Tuathail agus cuirfear ann iad roimis samhradh 2010.

Mótarcháin

- Próiseas déanta ar bhreis is 139,360 gnóthaí
- Pléadh le 59% de ghnóthaí ag an gcuntar; le 41% tríd an bpost
- Bhain 55 379 (36%) gcustaiméir úsáid as an tseirbhís ar líne

Bhronn an tÁire Tony Killeen TD an dámh bithéagsúlacht faoi Coill Baile Ó Síoda don Mheara, Comh Bobby O'Connell.

Bóthar faoisimh laistigh An Daingean

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil

Stiúrthóir Seirbhísí: Anne Haugh
Foireann Shinsearach:
Innealtóir Sinsearach: Michael Boyce (Gníomhach)

Dramhaíl a Chur de Láimh

Deineadh forbairt ar an síneadh a cuireadh leis an líonadh talún ag Láithreán Líonadh Chiarraí Thuaidh, mar ar tógadh Céim 9 (cealla 17, 18 & 19) agus cuireadh barr ar Chéim 7. Bhí an chuid ba mhó den obair déanta roimis mí na Nollag 2009.
Le linn 2009 rinne Comhairle Contae Chiarraí próiseas ar thionscnamh a mheas cé chomh oiriúnach is a bheadh sé cumhacht a ghineadh ón nGás Líonadh Talún a thairgtear ag Láithrean Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh.
Ar an iomlán cuireadh 39 775 thonna dramhaíola isteach sa láithreán líonadh talún i 2009. Sin laghdú 36% ar fhigiúirí 2008. Is léir dá bhrí sin go bhfuil iomaíocht ar siúl sa mhargadh maidir le dramhaíl a chur de láimh agus a bhailiú. Críochnaíodh an plean clabhsúír do Láithreán Líonadh Talún Bhaile an Mhuilinn mí an Mheithimh 2009.

Athchúrsáil

Chun an polasaí atá ag Comhairle Contae Chiarraí maidir le hathchúrsáil a chur chun cinn, tá ionaid fhóntais phobail á stiúradh ag Láithreán Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh agus ag ceithre chinn de Stáisiúin Aistrithe Bruscair atá suite i gCúil Chaisleach, (Cill Airne), Baile an Mhuilinn, Cathair Saidhbbhín agus An Neidín. Osclaíodh Ionad Fóntas Pobail An Daingean mí an Mheithimh 2008.
Tharla méadú ar an athchúrsáil ag Ionad Fóntas Pobail An Daingean de réir mar a bhí eolas á scaipeadh mar gheall air go háitiúil agus bhí rátaí athchúrsála ag na hionaid eile móran mar an gcéanna.
Le linn 2009 bhunaigh Comhairle Contae Chiarraí athchúrsáil ar chairtchlár sna háiseanna i gCathair Saidhbhín, An Neidin agus An Daingean. Bunaíodh bailiúcháin mhiotail freisin i gCathair Saidhbhín agus san Neidín.

Ionaid Beir Chuige

Le linn na bliana 2009 bhí 103 Ionaid Beir Chuige ag Comhairle Contae Chiarraí ar fud an Chontae agus 4 163 thonna ábhar athchúrsála á mbailiú, go mórmhór gloine, cannaí alúmanaim nó stáin agus buidéil phlaisteacha.
Mar bheart i gcoinne dumpáil mhídhleathach ag na suímh seo dhein an Roinn Chomhshaoil urraíocht ar ghlantachán bruscair trí dheontas a thabhairt do 26 ghrúpa/dhuine mar a leanas:
Ar an iomlán íocadh €53 713 leis an grúpaí/dreamanna seo ón gCiste Pobail 2009 i leith Líonadh Talún/Aistriú Bruscair – Ionad Pobail An Chill Dubh, Scoil Náisiúnta Uí Bhraonáin, Ionad Pobail Naomh Bhreandáin, Scoil Naisiúnta An Chloichear, Pobal ar Aire Baile Mhic Uileagóíd, Club CLG Baile Mhic Uileagóid, Cumann Áitritheoirí Lissivigeen agus Ionad Pobail Baile an Mhuilinn.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil

Bailiúchán Bruscair

Tháinig laghdú ar líon na gcustaiméirí a bhain úsaid as an Seirbhís Bhruscair agus Athchúrsála ó 7 936 i 2008 go dtí 7 614 I 2009. B'shin laghdú 4% agus ní haon ionadh é sin mar gheall ar an gcúlú tubaisteach eacnamaíochta a tharla le linn na bliana.
Go deimhin bhí súil againn lena leithéid mar gheall ar an drochthionchar a bhí ag an gcúlú céanna ar chúrsaí gnó agus ar acmhainní ár gcuid custaiméirí i gcoitinne. Tá sé fíorthábhachtach áfach na custaiméirí atá anois againn a choimeád chun gur féidir leis an tseirbhís feidhmiú mar is cóír.
In ainneoin deacrachtaí mar atá luaite, ar an mórgóir is feidir a rá go raibh an tSeirbhís Bhruscair agus Athchúrsála ag feidhmiú ar bhonn folláin i 2009. Ag deireadh na bliana bhí 7,614 ghnáthchustaiméir againn agus 450 turasóir.

Rialachán Comhshaol

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as ceisteanna áirithe a rialú agus a fhorfheidhmiú faoin reachtaíocht chomhshaoil atá anois ann. Ar na ceisteanna úd tá dumpáil mhídhleathach, caitheamh bruscair, truailliú uisce, dualgais rialacháin i gcás comhlachtaí dramhaíola maraon le rialú agus próiseas ar cheadúnais chun fuíolluisce a dhiúscairt.

	Líon cás a Scrúdaíodh	Líon Próiseas Forfheidhmithe a Tharla
Gearáin Chomhshaoil 2009 (san áireamh tá dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, an aeir agus gleo)	1,298	248

An peileadóir Ciarraí agus Astráil, Tadgh Kennelly ar seoladh Seachtan Glantachán fir1 Náisiúnta Earraigh le Méara Chiarraí, Comh Tom Fleming, agus Méara Lios Tuathail, Comh Maria Gorman

D'ardaigh Méara Chiarraí Comh Bobby O'Connell go hoifigiúil an Brat Gorm i Fenit ar an Luan, 6ú Iúil, ar son na 12 tránna i gCiarraí

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil

An Oifig um Fhuinneamh

Cé go mbionn an Oifig um Fhuinneamh (EO) lonnaithe sa Roinn Chomhshaol, scaiptear a cuid oibre thar seirbhísí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh agus chun caomhnú fuinnimh a chur chun cinn. Bítear ag cinntiú go mbíonn margadh maith le fáil ar an airgead maidir le fearas fuinnimh (m.sh. caidéil, innill leictreacha, córais solais agus teasa).
Tá an Oifig um Fhuinneamh freagrach freisin as an gClár Athnuachan Fuinnimh atá ag an gComhairle agus as tairiscint ar sholáthar leictreacais do na húdaráis áitiúla.

Ar na bearta a cuireadh chun cinn i 2009 bhí an méid seo a leanas:
Is é an próiseas areaithe is mo a úsáideann fuinneamh ag aon Fhearas Cóireála Fuíolluisce (WWTP). Cuireadh isteach córas nua aeraithe réscaipthe ag Fearas Cóireála Fuíolluisce Cill Airne, rud a laghdaigh an caitheamh 50.2%, ag sábháil €50 400 in aghaidh na bliana.

Tá a leithéid de chóras anois san WWWTP sa Daingean agus laghdú 22% tagtha ar an gcaitheamh ag na Fearais Chóireála Fuíolluisce i Lios Tuathail agus i mBaile an Bhuinneánaigh.

- Chríochnaigh an t-aonad um chaomhnú fuinnimh teastais fhuinnimh do chúig chinn d'fhoirgnimh Údarás Áitiúla Chiarraí i 2009.
- Ba í seo an chéad bhliain dá raibh an Córas Díreach Teasa ag oibriú i dTobar Mhaigh Dor agus laghdaigh costas uisce tí agus teasa do gach árasán sa scéim Tobar Naofa go dtí €6.84 in aghaidh na seachtaine.
- I rith an gheimhridh 2008/2009, ghlac ocht gcinn de stáisiúin chaidéalaithe agus chóireála fuíolluisce páirt sa scéim Laghdú ar Bheannéileamh Geimhridh Eirgrid (WPDRS). Trín sceim seo spreagtar lucht gnó i leith an caitheamh leictreachais a laghdú idir uaireanta áirithe (5-7i.n.) i rith an gheimhridhn (Samhain go Feabhra). Mar thoradh ar an iarracht bhí laghdú €65 773 ar bhillí leictreachais.

An tSaotharlann

Le deich mbliana anuas tá méadú 115% ar ghníomhaíocht sa tsaotharlann inmheánach atá ag Comhairle Contae Chiarraí. Go príomha tharla sé seo mar go bhfuil:
- Breis éilimh ar shamplaí fíoruisce agus uisce abhann mar gheall ar rialacháin.
- Breis béime ar bhearta a bhaineann le rialú cáilíochtaí agus comhghnásanna maidir le samplaí agus le hanailís.
- Feidhmíocht éifeachtach de bharr gléasra uathoibritheacha a bheith in úsáid

Tá scéim éifeacht saotharlann ag an EPA a dhein measúnú ar 104 shaotharlann in Éirinn i 2009. Bhí 26 paraiméadar i gceist agus bhí saotharlann Chomhairle Chontae Chiarraí ar na naoi gcinn sa tír ar éirigh leo i ngach aon cheann de na 26 pharaiméadar.

Anailís ar Ghníomhaíocht
I 2009 dhein an saotharlann próiseas ar 6,721 shampla agus ar an iomlán bhí 79,000 triail i gceist
Tá anailís ar an ngníomhaíocht le feiscint i bhFíor 1. Is léir ón líon ard samplaí fíoruisce (44% den iomlán) go bhfuil an-chuid scéimeanna uisce sa chontae agus béim an-mhór ar cháilíocht uisce.
Léirigh tuarascáil náisiúnta an EPA ar an bhfíoruisce go raibh Ciarraí sa dara áit in Éirinn ar son líon na samplaí ar deineadh anailís orthu i 2007.
Ar an mórgóir meastar go sábháiltear thart ar €300,000 in aghaidh na bliana toisc an anailís a dhéantar go hinmheánach ar shamplaí.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Stiúrthóir Seirbhísí: Oliver Ring
Foireann Shinsearach:

Innealtóir Sinsearach (Oibriú):	John Kennelly
Innealtóir Sinsearach (Caipitúil):	Fergus Dillon
Príomhoifigeach Dóiteáin (Gníomhach):	Vincent Hussey

"Cuid lárnach de ról straitéiseach Chomhairle Contae Chiarraí is ea bonneagar éifeachtach uisce agus fuíolluisce a sholáthar agus cuirtear a leithéid ar fáil trí chláracha éagsúla idir chaipitúla agus ioncaim"

Oibriú na Seirbhísí Uisce

Tá dhá chuid sa chlár Ioncaim do na Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce mar a leanas.

- Mórscéimeanna uisce poiblí agus fuíolluisce
- Seirbhísí Uisce Tuaithe agus Grúpscéimeanna

Uisce Poiblí

I 2009, chuir Comhairle Contae Chiarraí amach breis is 32 mhilliún méadar ciúbach fíoruisce (inólta) do 122 000 custaiméir trí 60 000 ceangal. Riaradh 68 Scéim Soláthar Uisce Poiblí (WSS). Cothaíodh ar an iomlán 13 chinn d'fhearais chóireála fuíolluisce agus bhí áiseanna céadchóireála ar fail i 32 shráidbhaile ar fud an chontae.
Fuarthas 278 n-iarratas ar uisce a cheangal maraon le 34 iarratas a bhain le ceangal fuíolluisce. Maoiníodh iad siúd go léir trí acmhainní na Comhairle, trí dheontais ón Roinn Comhshaol. Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ó mhaoiniú CLÁR agus ó airgead a fuarthas mar Thobhaigh Fhorbartha.

Gaiscí Tábhachtacha i 2009
• Leagadh príomhphíopaí nua san Caladh, i gCorra, Ráth Thanaí, Gallaras, Oileán Chiarraí agus san Coimín
• Cuireadh isteach comhlaí agus seomraí nua i Shanera, Lios an Phúca, Dairbhre, An Caladh, Baile an Sceilg agus ar an bpríomhphíopa ó Lios Tuathail go Tairbeart
• Leagadh príomhphíopa ag Meelagullane, Baile An Sceilg in ionad seancheann a bhí gan mhaith
• Cuireadh síneadh leis an ngréasan príomhphíopaí ar An Seanbhaile, Mainistir na Féile
• Móroibreacha ar phríomhphíopaí nua i mBaile an Bhuinneánaigh
• Tógáil nua isteach i Scéim Soláthar Uisce (WSS) Brosna-Cnoc na gCaiseal
• Deineadh uasghrádú suntasach ar an dtigh fearais laistigh ag Loch Coiteáin ar an WSS Réigiún Láir
• Móroibreacha athchóirithe agus slándála ag na fearais uisce i Scéim Soláthar Uisce Lahesrough
• Arís tharla móroibreacha athchóirithe agus slándála ag na fearais uisce i Scéim Soláthar Uisce An Coireán
• Fuarthas maoiniú ó FSS chun fearas fluairídithe a sholáthar ag Loch Coiteáin agus i mBrosna.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Liosta Gníomh Feabhsúcháin (RAL)

I 2008, Chuir an Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ) maoiniú ar fáil do Liosta Gníomh Feabhsúcháin maidir le Soláthar Fíoruisce Poiblí. Dá bhrí sin bhí ar chumas Údarás Áitiúla ar fud na tíre oibreacha díghalruithe agus cóireála áirithe a chur i gcrích ar scéimeanna beaga.
De bharr mórshuirbhé ar na scéimeanna uisce ar fad a bhí deanta againn i 2005, bhí an Chomhairle in ann iarratas cuimsitheach a sheoladh chuig an Roinn ag lorg maoinithe. Mí Iúil 2008 d'fhógair an Roinn maoiniú €20m ar bhonn náisiúnta do Scéimeanna RAL agus beagnach a leath ag dul go Ciarraí, mar a bhí 9.863m.

Deineadh móroibreacha uasghráduithe maidir le fearas díghalruithe agus monatóireachta ag na fearais seo a leanas:

Scéimeanna Uisce móroibreacha tríd RAL		
Ard Fhearta Thuaidh/Baile Uí Thaidhg	An Ráth Mhór	An tSnaidhm
Tobair Dubháth	Aughacasla	RWSS Chiarraí Láir Gearha
RWSS Ladhair an Chrompáin	An Com	Bréinlí
Barr Dubh	Caisleán Ghriaire	Stad an tSléibhe
Lios Cearnaigh	Abhainn an Scáil	An Teampall Nua
An Daingean	An Fheothanach	Baile Breac
Réigiún Inse	An Mhin Ard 2 & 3	An Ghleann
An Muiríoch	Baile na nGall	Srón
Ceann Trá	Loch Cárthaí	Emlaghpeasta
Gleann Beithe	Baile an Sceilg	An Láithreach
Cathair Saidhbhín	Cathair Dónall	Cill Gharbháin
An Siopa Dubh		

Cuireadh tús le hobair ar an láthair chun fearais chóireála uisce a sholáthar do na scéimeanna poiblí seo a leanas:

Fearais Chóireála Uisce chun tógáil tríd RAL	
An Mhuiríoch	Baile na nGall
Abhainn an Scáil	Aughacasla
Baile Mór	Barr Dubh
Loch Cárthaí	Cill Gharbháin
Srón	An tSnaidhm

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Fuíolluisce Poiblí

Priomhuasghrádú i 2009
• I gcomhar le Fuinneamh Inmharthana Éireann críochnaíodh uasghrádú suntasach ar an gcóras aeraithe sna Fearais Chóireala Fuíolluisce An Daingean agus Cill Airne. Beidh sábháil fuinnimh nach beag (idir 20 – 50%) as seo amach dá bharr san. • Tá fearas nua cóireála fuíolluisce anois coimisiúnaithe sa tSnaidhm • Cuireadh isteach séarach nua gréasáin i Castleconway, Cill Orglan, chun insíothlú uisce isteach sa scéim a sheachaint. • Deineadh athchóiriú ar na scagairí silte ag Fearas Cóireála Fuíolluisce (WWTP) Trá Lí. • Deineadh athchóiriú ar an gcóras ultra-víolait (UV) ag WWTP Trá Lí. • Deineadh athchoimisiúnú ar an bhfearas deisithe WWTP Ard Fearta. • Críochnaíodh athchóíriú an-mhór ag WWTP. • Cuireadh caidéil nua isteach sa Sceim Séarachais i mBaile An Sceilg • Deineadh uasghrádú ar na háiseanna TE, rochtan ar líne san áireamh, ag 10 gcinn de na Fearais Chóireála Fuíolluisce.

Uisce Tuaithe

Is iad Comhairle Contae Chiarraí a riarann an Clár Uisce Tuaithe agus a chabhraíonn le grúpscéimeanna uisce. Forbraíodh ar an iomlán 475 Grúpscéim Uisce i gCiarraí, dá bhfuil 183 scéim faoi chúram Comhairle Contae Chiarraí.

Obair ar Grúpscéim ar siúl nó deanta in 2009	
An Carraigín (Brosna)	Eas Daoi (síntí)
Lyranes	Clár Cillín Liath
An Bunán Céim II	Clár Ballynoneen
Máistir Gaoithe	Clár Toormore
Clár An Luachair	Tonevane/Sliabh
Ros Dochan	Grúpa Lárnach
Na Cúilí Uimh. 2	

Gaiscí Tábhachtacha i 2009
• Bhain 26 ghrúpa leas as an méid airgid €900 000 a chaith Comhairle Contae Chiarraí chun grúpscéimeanna a thógaint ina muirear orthu féin. • Bhain 47 ngrúpa leas as an €1.1m a caitheadh idir chabhair do scéimeanna nua ag tosnú amach agus uasghrádú ar scéimeanna a bhí cheana féin ann. • Ina theannta san go léir, bhain 29 gcinn de ghrúpaí leas as €867 000 a caitheadh chun scéimeanna beaga uisce agus séarachas poiblí a fheabhsú. • Fuarthas 38 n-iarratas ar Dheontas Tobair. • Tugadh fóirdheontas do 35 Ghrúpscéim. • Ghlac Comhairle Contae Chiarraí ceithre ghrúpscéim go hiomlán ina muirear orthu féin.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Caomhnú Uisce

De dheasca athruithe ar nósanna beatha agus mar gheall ar an bhfás daonra tá brú níos mó ná riamh ar sholáthar uisce sa chontae. Tacaíonn Comhairle Contae Chiarraí leis an dTionscnamh Caomhnú Uisce chun úsáid éifeachtach ár gcuid acmhainní a chinntiú.
De bharr a bhfuil déanta faoin dTionscnamh Caomhnú Uisce tá laghdú 12.7% ar sholáthar uisce sa chontae ón mbeann a bhí ann i 2006. Toradh is ea an méid seo ar an éileamh ag cúlú, ar oibreacha deisiúcháin agus ar an mbrú a bhainistiú mar is cóír.
Fuarthas breis is 2 000 sceith agus deisíodh iad ó thosnaigh an Tionscnamh um Chaomhnú Uisce i 2005. Lorgaítear sceitheadh anois mar chuid de na gnáthdhualgais laethúla agus tagann an maoiniú ó ioncam na comhairle.
Leantar i gcónaí den obair ar dheisiú agus ar chóiriú príomhphíopaí agus ar an mbrú a bhíonn iontu a bhainistiú.

Reiligí & Leithris Phoiblí

Cothaítear na leithris phoiblí i gCiarraí agus oibrítear agus stiúraítear na 140 reilig atá i gCiarrai faoin gclár oibreacha atá ag an Roinn Oibriú na Seirbhísí Uisce. Is suímh seandálaíochta iad 92 reilig sa chontae agus cosnaítear iad siúd faoin Acht um Shéadchomharthaí. Caithfear cead a lorg roimh ré chun obair a dhéanamh orthu agus déantar maoirseacht orthu ó thaobh seandálaiochta de. Deineadh suirbhé ar 21 reilig i 2009.

Gaiscí Tábhachtacha i 2009

- **Caitheadh €475 000 ar leithris phoiblí.**
- **Caitheadh €670 000 ar reiligí a chothú agus a choimeád mar is cóir.**
- **Ceadaíodh €100 000 le caitheamh i 2009/2010 mar chuid den chlár caipitiúil feabh súchán reiligí. Oibríodh dá reir ar mhórán reiligí, Mainistir Ó dTorna, Baile an Sceilg, Cnoc na gCaiseal, Cill Aighne & Cill Átha san áireamh.**
- **Bhí Comhairle Contae Chiarraí ag comhoibriú le 50 Coiste Áitiúil Reiligí maidir le cothú agus le cúram reiligí.**

Stiúrthóir Seirbhisí Uisce Comhairle Contae Chiarraí, le Méara Chiarraí Comh Tom Fleming, Fergus Dillon, Innealtóir Sinsearach, Seirbhisí Uisce Capiteal, agus baill foirne EPS Bowen sa síniú conradh chun tógáil ionad cóireála fuíoll-luisce i Firies agus Milltown.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Caipiteal Seirbhísí Uisce

Tá an Roinn Caipiteal Seirbhísí Uisce freagrach as bonneagar uisce agus fuíolluisce a sholáthar don chontae, san áireamh bíonn scéimeanna nua a dhearadh agus a riaradh trín gcéim tógála.

Go príomha tagann an maoiniú ón gClár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce atá ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ach de ghnáth caitheann Comhairle Contae Chiarraí síntiús nach beag óna cuid maoiniú féin a chur leis an méid a fhaightear.

2009 Dul Chun Cinn	Tionscnaimh	Meastachán
Déanta	Gréasáin – Scéim Soláthar Uisce An Neidín	€6.4m
	Scéim Soláthar Uisce Réigiún Láir – Fearas Cóireála Clóirín Dé-ocsaíd	€0.5m
	Gréasáin – Scéim Séarachais & Soláthar Uisce An Coireán	€10.3m
Tógáil fós ar Siúl	Scéim Séarachais Baile an Mhuilinn	€4.99m
	Scéim Séarachais Barr Dubh	€3.53m
	Scéim Séarachais Na Foidhrí	€3.7m
	Scéim Séarachais Ros Beithe	€0.2m
	Staidéar Straitéiseach – Tionscnamh Gláir & Fuíolluisce Chontae Chiarraí	€1.m
Cáipéisí Conartha Réidh Anois	Oibreacha Cóireála – Scéim Soláthar Uisce An Neidín	€6.4m
	Oibreacha Cóireála &Taischumair – Scéim Soláthar Uisce Réigiún Láir	€34.95m
	Scéim Soláthar Uisce Réigiún Láir – Taischumar Scart	€5.07m
	Sráidbhailte – Tairbeart, Leic Snámha, Béal Átha Longfoirt, Baile Dubh, An Fhianait, Ard Fhearta, Mainistir Ó dTorna, Caisleán Ghriaire, Caisleán na Mainge, Cill Gharbháin, Cathair Dónall, Gleann Beithe	€33.22m

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Seirbhís Dóiteáin Chiarraí

Leanadh den uasghrádú ar Scuaine Seirbhís Dóiteain Chiarraí le linn 2009. Fuarthas Inneall Uisce nua mí Feabhra 2009 agus tosnaíodh ar Inneall eile Aicme B le súil go mbeidh sé againn mí an Mheithimh 2010. Cheannaigh Seirbhís Dóiteáin Chiarraí dhá Inneall Uisce Aicme B freisin ar athláimh ón Ríocht Aontaithe.

Clár Tógála don Seirbhis Dóiteáin
Tá tuairisc ar Staisiun Dóiteain nua don Neidín á mheas faoi láthair ag An Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORA) agus cead á lorg uathu chun na cáipéisí a ullmhú agus dul ar aghaidh ag lorg tairiscintí. Caithfidh an Roinn na srianta buiséid a leagtar ar an gClár Caipitil don Seirbhís Dóiteáin a chur san áireamh.

An Clár um Athrú sa tSeirbhís Dóiteáin
Leanadh den Chlár um Athrú sa tSeirbhís Dóiteáin a chur i gcrích i 2009.
Fuarthas 500 aláram deataigh le dáileadh ar dhaoine leochaileacha I measc an phobail le cabhair ón Roinn Pobail & Fiontair.
Leantar freisin den chlár bunscoileanna agus pacáistí um Shábháilteacht Tine agus teagasc ar an ábhar céanna á gcur chun cinn ag an bhfoireann i measc scoláiri sa tríú rang i mbunscoileanna.

Gaiscí Tábhachtacha i 2009
• **Tháinig an Bhriogáid amach ar slógadh 1 215 uaire le linn 2009.** • **Ba iad tinte Fraoigh, tinte Simné, Timpistí Bóthair agus Tuilte na hócaidí ba mhó a bhíodh i gceist nuair a ghlaotaí amach ar shlógadh na Briogáide.** • **Tháinig méadú 37% ar thinte Fraoigh agus 43% ar Thuilte ar fhigiúirí 2008.** • **Tháinig laghdú 26% ar Thimpistí Bóthair ó 2008.** • **Eisíodh 145 Theastas Sábháilteachta Tine le linn 2009.**

Rialú Foirgníochta

Fuair an Roinn Rialú Foirgníochta 585 fhógra tosnaithe i 2009 a bhain le 602 fhoirgneamh. Scrúdaigh na hoifigigh 45% d'fhoirgnimh fhógraithe.
Bíonn an Roinn Rialú Foirgníochta ag scaipeadh eolais agus ag cur le feasacht ar an Rialacháin Fhoirgníochta trí:

- Foirgnimh a scrúdú maidir le géilliúlacht do na Rialacháin Fhoirgníochta
- Comhairle a chur ar dhaoine maidir leis na Rialacháin Fhoirgníochta
- Rochtan a sheiceáil do lucht míchumais
- Na Teastais Grádú Fuinnimh Foirgníochta (BER) a lorg chun caomhnú i gcúrsaí fuinnimh a chur chun cinn.

Tuairisc ón Stiúrthóir Seirbhísí Uisce & Seirbhísi Éigeandála

Cosaint Shibhialta

Oibríonn saorálaithe de chuid Cosaint Shibhialta faoi stiúir Oifigeach Cosaint Shibhialta san Údarás Áitiúil cuí. Oiltear iad sna scileanna riachtanacha mar atá garchabhair, tarrtháil, cothú éigeandála, cúram aslonnaithe, cumarsáid, cuardach ar muir/ar tír, tuilte agus monatóireacht raidithe.

Tá sé sheirbhís éagsúla faoi chúram Cosaint Shibhialta Chiarraí.

1. **Seirbhís Timpiste**
2. **Seirbhís Tarrthála**
3. **Seirbhís Maor – Monatóireacht Raidithe**
4. **An tAonad Leasa**
5. **Seirbhís Chúnta Dóiteáin**
6. **Cumarsáid**

Tá thart ar 140 ball gníomhach i gContae Chiarraí
Tá 19 dteagascóir i gCosaint Shibhialta Chiarraí atá cáilithe chun na hábhair éagsúla a mhúineadh tríd an eagraíocht ar fad.

Gaiscí Tábhachtacha

- **Earcaíodh 42 bhalll nua i 2009.**
- **Bunaíodh Aonad nua um Chuardach agus Tarrtháil do dhaoine ar iarraidh.**
- **Ceapadh Paul McDonnell mar Cheannasaí i gCosaint Shibhialta Chiaraí.**
- **Ceapadh Gary Kavanagh mar Oifigeach Iompair i gCosaint Shibhialta Chiarraí.**
- **Ceapadh Alan Hanafin mar Cheannaire Stórais i gCosaint Shibhialta Chiarraí.**
- **Comhaontaithe Teagmhála ar bhonn foirmeálta leis na Gardaí Síochana agus leis an nGarda Cósta.**
- **Ceapadh an Cigire Martin McCarthy mar Oifigeach Teagmhála idir na Gardaí agus an Chosaint Shibhialta.**
- **Coiste Deonach Seirbhísí Éigeandála anois ar bun ag Príomhoifigeach Pleanáil Éige andála an FSS.**
- **Thug an Bord Cosaint Shibhialta Jíp nua 4x4 do Chosaint Shibhialta Chiarraí.**
- **Garchabhair agus Otharcharranna ag breis is 100 ócáid mar Rásaí Lios Tuathail, Tríatlóin, Maratón An Daingean, Craobh Rince na hÉireann, Rásaí Rothar, Slógaí, Aonach an Phoic agus Féile Chiarraí.**
- **Tugadh cúnamh suntasach le linn na dtuilte sa chontae nuair a dáileadh breis is 1,500 mála gainimh.**
- **Cúrsa tiomána ar siúl do shaorálaigh.**

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Stiúrthóir Seirbhísí: Michael McMahon
Foireann Shinsearach:
Innealtóir Sinsearach: Paul Stack
Príomhoifigeach Sinsearach: Joan McCarthy

"Comhshaol geilleagrach agus fisiciúil anso i gContae Chiarraí a bhainistiú mar is cóir agus bearta chuige sin a spreagadh, a chur chun cinn agus a éascú".

Pleanáil ar Aghaidh

Tá sé de chúram ar an Aonad Pleanáil ar aghaidh an Plean Forbartha Contae agus na Pleananna Ceantar Áitiúla a ullmhú, a chur i gcrích agus a mhaoirsiú.

Glacadh le Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2009 – 2015 6 Aibreán 2009 agus cuireadh i bhfeidhm é 4 Bealtaine 2009.

Le linn 2009 leanadh de Phleananna Ceantar Áitiúla do na Ceantair Fheidhme atá ar liosta straitéis lonnaithe sa Phlean céanna 2009-2015 a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Tharla dul chun cinn i 2009 maidir leis an bpróiseas ullmhúcháin do Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Oileán Chiarraí 2009-2015 agus aighneachtaí agus leasuithe don dréachtphlean á meas ag an gComhairle. Glacadh leis an bPlean seo 21 Nollaig 2009.

I 2009 freisin cuireadh tús leis an bpróiseas ullmhúcháin do Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme An Neidín 2010 – 2016. Bhí an Plean ar taispeáint don phobal idir 18 Samhain –31 Nollaig 2009. Bhí lá oscailte don phobal freisin san Neidín 10 Nollaig 2009. Beidh an Plean faoi bhráid na Comhairle roimis glacadh leis 19 Aibrean 2010. (Ghlac an Chomhairle leis an bPlean Aibreán 2010).
Go deireanach i 2009 thosnaigh an próiseas ullmhúcháin do Phlean Ceantar Áitiúil Ceantar Feidhme Chill Orglan 2010 – 2016. Tá sé i gceist go nglacfar leis an bPlean úd mí Iúil 2010.

Cé go gclúdaítear go reachtúil tréimhse sé bliana sna Pleananna Ceantar Áitiúla, meastar go mbeidh breis ama i gceist maidir leis na straitéis lonnuithe a chur i gcrích (agus go bhféadfaí síneadh a chur leo faoin Acht nua Pleanála). De réir na bPleananna úd cinnteofar forbairt chomhorduithe éifeachtach agus seachnófar forbairt nach mbeidh oiriúnach ó thaobh prionsabal pleanála agus forbairt inmharthana de.

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Rialú Pleanála

Is leis na hiaratais phleanála is mó a bhíonn an roinn Phleanála ag obair de ghnáth. Arís i 2009 bhí laghdú ar an líon iarratas sna hearnála ar fad. Go háirithe, bhí an líon iarratas a bhain le heastáit mhóra tithíochta agus le forbairtí gnó ní ba ísle ná mar a bhí ó na 1990dí luatha i leith.
Ar an iomlán fuarthas 1 655 iarratas pleanála i 2009, b'shin laghdú 43% ar fhigiúir 2008. Is é an dála ceanna é ag údaráis áitiúla eile de dheasca cúrsaí geilleagair a bheith ag cúlú mar atáid faoi láthair ar fud na tíre.

Ar an gcuma céanna, is é is dóíchí nach mbeidh aon athrú ró-mhór ar chúrsaí an bhliain seo chugainn 2010. Dá bhrí sin laghdaíodh an líon foirne idir riaracháin agus teicniúla san Aonad Bainistíocht Fhorbartha.



Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Caomhnú Seandálaíochta

Bíonn an tAonad Polasaí Pleanála ag déanamh comhordú ar an Scéim Deontas Caomhnaithe. Ar an iomlán i 2009 bronnadh 11 dheontas agus caitheadh €105,600.

Aonad Eastát Tithíochta

Cé go raibh laghdú ar an ualach oibre maidir le Rialú Pleanála, mar sin féin bhí gá le breis foirne san Aonad Eastat Tithíochta. Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta agus easpa gníomhaíochta san earnáil fhoirgníochta da réir, tharla go minic nár críochnaíodh na heastáit in aon chor. Bíonn an t-aonad ag plé lena leithéid de chás trín bhforfheidhmiú cuí agus/nó trí bhannaí árachais/airgeadais a ghlaoch isteach.

Ní hamháin go gcuireann na heastáit úd isteach ar úinéirí tí ach bíonn impleachtaí iontu do Chomhairle Contae Chiarraí chomh maith. Má thógann siad eastát ina mhuirear orthu féin bíonn orthu na feabhsúcháin chuí a chur i gcrích chomh maith. Bíonn siad ag tarraingt ar a n-acmhainní teoranta féin chun an caighdeán ceart seirbhísí a chinntiú.

Foireann Mheasúnú Suímh

Ar son sláinte phoiblí agus rialú truaillithe ní mór a chinntiú go ndéantar fuíolluisce nó eisilteach a dhiúscairt go sábháilte ó gach aon fhorbairt a mholtar.

I gcónaí má bhíonn dabhach mhúnlaigh nó córas éigin eile cóireála i gceist (de ghnáth fan dtuath nuair nach bhfuil an suíomh gar do shéarach poiblí), caithfear measúnú iomlán cuimsitheach a dhéanamh. Caithfidh an t-iarratasóir an measúnú a chur i gcrích sula seoltar an iarratas pleanála.

Ní mór don duine a dhéanann an measúnú a bheith mar bhall den phainéal meastóirí ceadaithe atá ag Comhairle Contae Chiarraí agus iad cáilithe chun na scrúduithe suímh a dhéanamh de réir na modhanna cearta EPA.

Tá an liosta meastóirí is déanaí le feiscint ar shuíomh Comhairle Contae Chiarraí nó is feidir é a lorg tríd an bpost ón Roinn Phleanála.

Tá árachas slánaíochta proifisiúnta ag na meastóirí agus é d'iachall orthu eolas cruinn a chur i láthair faoi na tréithe suímh. Is é an t-iarratasóir fein a raghaidh i dteagmháil leis an meastóir. Seoltar isteach an measúnú in éineacht leis an iarratas.

Ó mhí Eanáir 2009 i leith, déanann foireann mheasúnú suímh Comhairle Contae Chiarraí an cinneadh faoi oiriúnacht suímh do chóras cóireála fuíolluisce mar dhabhch mhúnlaigh.

Tá sé i gceist go gcuirfear an t-eolas ar fad a bhaileofar ó na measúnuithe suímh le chéile ar an gCóras Eolas Geografaíoch (GIS) ionas go mbeidh sé mar acmhainn luachmhar ar ball faoin dtréithriú suíomh ar fud an chontae.

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Forfheidhmiú Pleanála

Tá sé de dhualgas ar an Roinn Fhorfheidhmithe sa Chomhairle Contae a chinntiú go ndéantar gach aon fhorbairt a thógaint de réir na nAchtanna Pleanála agus Forbartha agus de réir aon choinníollacha a leagtar síos agus an cead a thabhairt. Cinntítear go bhféachfar isteach sa scéal i gcás aon fhorbairt atá gan údarás agus go gcuirtear rudaí ina cheart chomh luath agus is feidir, é sin nó go dtosnaítear ar an bpróiseas forfheidhmithe.

An Sórt Cás Gearáin	Eanáir – Nollaig 2009	Nótaí
Líon gearán pleanála a scrúdaíodh	331	San áireamh anso tá na gearáin scríofa go léir a fuair an tÚdarás Pleanála maraon le tuairiscí ó fhoireann na Comhairle Contae.
Líon gearán pleanála a díbheadh	57	San áireamh anso tá na gearáin go léir a scrúdaíodh sa chás nach raibh aon ghá le Litir Rabhaidh agus/ná le Fógra Forfheidhmithe
Líon gearán pleanála a réitíodh trí chomhráití	333	Líon cás a réitíodh nuair a tugadh Cead Coimeádta nó gur dhein an forbróir pé oibreacha a bhí riachtanach de réir na Rialachán Pleanála & Forbartha.
Líon próiseas forfheidhmithe a tógadh trí litir rabhaidh a eisiúint	97	Líon na Litreacha Rabhaidh a eisíodh faoi réir ag Alt 152 de na hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 - 2007.
Líon próiseas forfheidhmithe a tógadh trí fhógraí forfheidhmithe a eisiúint	137	Líon Fógraí Forfheidhmithe a eisíodh faoi reir ag Ailt 154/155 de an hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 - 2007.
Líon ionchúiseamh	5	Líon cás cúirte ar éistíodh leo sa chúirt don chéad uair. Cuireadh 31 chomhad eile ar aghaidh chuig an Dliodóir Contae le linn na tréimhse céanna.

Tugadh Orduithe Cúirt Chuarda do Chomhairle Contae Chiarraí mar gheall ar na cáis seo leanas chun struchtúir gan údarás a leagadh/a bhaint:

Achadh Deo, Cill Airne. Ordú chun síneadh a cuireadh le tigh cónaithe gan údarás a leagadh agus a bhaint agus an limistéar a fhágaint sa riocht ina raibh sé sular tharla an síneadh gan údarás. Leagadh an struchtúr de réir an Ordú Cúirte.

Loch Cárthaí, Cill Orglan. Ordú chun struchtúr adhmaid gan údarás a leagadh/a bhaint. Baineadh an struchtúr den suíomh de réir an Ordú Cúirte.

Príomh-Shráid, Abhainn an Scáil. Ordú chun (a) comhartha fógraíochta lasmuigh d'áitreabh a bhaint, (b) múrmhaisithe ar fhallaí an áitribh a bhaint,
(c) na fallaí lasmuigh a pheinteáil ar ardchaighdeán gairmiúil. Tá na hoibreacha déanta de réir an Ordú Cúirte.

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

Tosnaíodh ar phróisis dlí maidir le forbairtí eile gan údarás. Ag seo a leanas cuid de na cáis fhorfheidhmithe a bhain le forbairtí gan údarás agus a réitíodh roimis dáta na Cúirte:

- Garáiste tí a bhí socruithe mar struchtúr cónaithe nár deineadh de réir coinníollacha cead pleanála. Tá an struchtúr anois ina gharáiste arís agus deineadh athruithe lasmuigh de réir coinníollacha an cead pleanála a tugadh.

- Struchtúr á thógáil, a bhí ní ba mhó ná an méid ar chúl tí a bheadh saor ó chead pleanála. Baineadh an struchtúr.

- Garáiste á rith mar ghnó gan aon chead pleanála ag Tiobraid Mór. Fuarthas iarrtas ar chead coimeádta agus ceadaíodh é sin, faoi réir ag coinníollacha áirithe maidir leis an ngaráiste a rith.

An Seandálaí Contae

Tá Roinn Seandálaíochta an Chontae freagrach as na réimsí seo a leanas:

- **Tionchar Seandálaíochta a Mheas/Monatóireacht/Trialacha Tochailte**
- **Reiligí**
- **Pleanáil & Polasaí**

Gaiscí Tábhachtacha

- **Críochnaíodh dhá Mheasúnú Tionchar Seandálaíochta**
- **Tharla Trialacha Tochailte Ceadaithe ar thrí thionscnamh**
- **Tharla monatóireacht seandálaíochta ar 10 dtionscnamh**
- **Deineadh moltaí maidir le 174 iarraas pleanála**
- **Críochnaíodh suirbhé cuimsitheach ar 21 chinn de reiligí atá cosanta ó thaobh seandálaíochta de**
- **Bunaíodh córas nua chun cead a fháil obair a dhéanamh i reilig agus nósanna nua do shábháilteacht struchtúr istigh i reiligí**
- **Críochnaíodh sé chinn de Phleananna Bainistíochta do reiligí áirithe**
- **Tosnaíodh ar Dhréachtphleananna Bainistíochta a ullmhú do 16 reilig eile**
- **Bhí an Roinn páirteach i meitheal oibre sa RCORA a dhein athbhreithniú ar reachtaíocht Séadchomharthaí Náisiúnta**

Tuairisc ón Stiúrthóir Beartas Geilleagrach & Forbairt Inmharthana

An Oifig Oidhreachta

Maoiníodh 14 mhórthionscnamh i 2009 agus críochnaíodh dha cheann díobh i 2010. Tugadh cúnamh freisin mar chomhairle Theicniúil agus deontais bheaga.

Cuireadh breis is 270 iarratas pleanala chomh maith le 27 gcinn a bhain le Cuid 8 den Chead Pleanála ar aghaidh chuig an Oifig Oidhreachta chun a dtuairimí a lorg. Ar an mórgóir cuirtear iad siúd chuig an Oifigeach Caomhnaithe ach le linn 2009 dáileadh breis is 80 pacáiste Eolais Seandálaíochta ón Oifig Oidhreachta.

Dhírigh an tSeachtain Oidhreachta go príomha ar "Lá fan gCoill" i gCoillte Baile Ó Síoda mar ar tharla siúlóidí, ceardlanna, taispeántais oibre agus oiliúint do chách a bhí páirtreach san ócáid mhór seo. Bhíothas an-shásta leis na himeachtaí.

Ghnóthaigh an saothar atá déanta ag Comhairle Contae Chiararí sna coillte céanna an Gradam RDS-Seirbhís Coillte Foraoiseachta Éireann; ba é seo an chéad uair da bhfuair aon údarás áitiúil an gradam úd. Tosnaíodh i 2010 ar chomhthionscnamh píolótach a chruthóidh ardán GIS chun sonraí a bhailiú ar oidhreacht an chósta ó Ghaillimh go Ciarraí go Dún na nGall. Beidh ardán ilúsáideora á fhorbairt chun sonraí a thabhairt le chéile ó ranna stáit éagsúla i dtreo bunachar geografach a chruthú chun leas polasaithe oidhreachta, turasóireachta agus caomhnú tíre nó cósta.

Tionscnaimh a fuair maoiniú ón gComhairle Oldhreachta	Tionscnaimh nach bhfuair maoiniu ón gComhairle Oldhreachta
• Oiliúint Roschoille i mBaile Ó Síoda • Suirbhé Reiligí • Suirbhé Fál Sceach Chiarraí Thuaidh • Sparántachtaí do Ghearradh Fál Sceach • Fógraíocht don Slí Oidhreachta Gheolaíoch • Suirbhé ar Sciatháin Leathair i nDroichid i gCiarraí Láir • Tionscnamh um Scréachóg Reilige i gCiarraí	• Tionscnamh Béaloideas Chiarraí • Fearas Taifeadta Béaloidis • Suirbhé ar na Sciatháin Leathair i gCoillte Bhaile Ó Síoda • An tSeachtain Oidhreachta • Plean Roschoille Bhaile Ó Sioda • Leasuithe do Threoir Deartha An Daingean • Imeachtaí ilghnéitheacha – féilte/ócáidí • Foilsiúchán Músaem Chontae Chiarraí

An tOifigeach Oidhreachta Contae Una Cosgrave-Hanley, le Canice O'Sullivan, an Ráth Mhór, a bhfuair sparánacht bearradh fáil meicniúil

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Stiúrthóir Seirbhísí: John Breen
Foireann Shinsearach:
Leabharlannaí Contae: Tommy O'Connor

Pobal & Fiontar

Le linn 2009 thacaigh an fhoireann sa Roinn Pobail agus Fiontair le Bord Forbartha Chontae Chiarraí trí na cláir éagsúla a aontaíodh tar éis don Bhord teacht le chéile arís tar éis na dToghchán Áitiúla mí an Mheithimh 2009. Ag seo thíos na réimsí tábhachtacha oibre a cuireadh chun cinn I gcaitheamh na bliana:

Gaiscí Tábhachtacha i 2009

- **Dul chun cinn i dtreo Fóram aontaithe Turasóireachta chun forbairt Chiarraí mar ionad turasóireachta a chur i lár an aonaigh.**
- **Tháinig Comhchoiste Póilíneachta Chiarraí le chéile arís tar éis na dToghchán Áitiúla Meitheamh 2009.**
- **Leagadh síos táscairí tábhachtacha geilleagair do Chontae Chiarraí do gach Cruinniú den Bhord Forbartha Contae.**
- **Cuireadh i bhfeidhm an Plean Straitéisach don bhFo-ghrúpa Tuismitheoirí agus Foghlaim Teaghlaigh**
- **Chuir Comhairle Contae Chiarraí an talamh ar fáil do Chlós Súgartha Ard Fhearta a osclaíodh go hoifigiúil 17 Márta. Chuireadar maoiniú €91,000 ar fail freisin chun an clós súgartha a fhorbairt.**
- **Osclaíodh Láthair nua Spórt i Ros Beithe 26 Iúil. Chuir Comhairle Contae Chiarraí an léas agus an t-árachas ar fáil do na háiseanna úd.**
- **D'oscail an tUachtarán Mary McAleese clós súgartha Dairbhre 24 Mean Fómhair. Tháinig maoiniú €44 000 ó Chomhairle Contae Chiarraí chun na háiseanna a fhorbairt.**
- **Tá na háiseanna breise úd mar chuid de Pholasaí Súgartha Chiarraí. Is í Comhairle Contae Chiarraí atá i bhfeighil an árachais dóibh agus a dheineann na háiseanna a bhainistiú agus a chothú.**
- **Tosnaíodh ar dhá chlós súgartha eile i 2009 in Oileán Chiarraí agus i Leic Snámha. *(D'oscail an Méara Bobby O'Connell Clós Súgartha Oileán Chiarraí 28 Márta 2010)*.**
- **D'imigh sé theachta ó Chiarraí go Dáil na nÓg 2009 a tionóladh i bPáirc an Chrócaigh 13 Feabhra. B'iadsan Cillian Buckley, Sorcha Stack, Patrick Fitzgerald, Robyn Guiton, Siobhan O'Neill agus Rory Sheridan.**
- **I mbliana 2009 ag Dáil na nÓg pléadh an dá théama sláinte coirp agus intinne i measc na n-óg.**

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Straitéis Idiráisínteachtaí Chiarraí don Lucht Siúil (KITS)

- Bunaíodh grúpa idiráisínteachtaí chun an Straitéis Idiráisínteachtaí Chiarraí don Lucht Siúil 2007-2010 a mhaoirsiú agus bhí cruinniú in aghaidh na ráithe acu i 2009.
- Ar na tionscadail a tharla i rith na bliana bhí Tionscnamh san Ionad Oideachais don Lucht Siúil Sinsearach agus tionscnamh chun troscán a athchúrsáil a mhaoinítear ag Pobail faoin dTionscadal Lucht Siúil.
- Bunaíodh Grúpa Comhordaithe Comhraic mí Iúil chun dul i gceann an Achrainn áitiúil i measc Lucht Siúil.
- Neartaíodh naisc idir Comhairle Contae Chiarraí agus FSS maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil.
- Dhírigh an Clár Réaltscoláirí ar Scoláirí cúigiú bliana de chuid an Lucht Siúil agus fuarthas post samhraidh do thriúr acu i gComhairle Contae Chiarraí agus ceann eile do dhuine amháin san oifig i gCill Orglan le Comhar Forbartha Chiarraí Theas.

Straitéis Imeasctha Chiarraí

- Fo-ghrúpa de chuid an Bhord Forbartha Contae is ea An Meitheal Imeasctha agus leanadar den Dréachtstraitéis Imeasctha Contae a ullmhú le linn 2009.
- Fuarthas maoiniú €46 829 ó Oifig an Aire Inimirce le caitheamh ar 10 gcinn de thionscnaimh éagsúla.

Fóram Pobail & Deonach Chontae Chiarraí (Fóram C & V)

- Tharla toghcháin ar fud an chontae chun ionadaithe a thoghadh do Choiste Feidhmiúcháin an Fhóram Chontae. Ansan ceapadh na hionadaithe pobail ar choistí éagsula mar an Coiste Polasaí Straitéiseach agus eile mar a mbíonn gá le hionadaíocht ón bpobal.
- Tá 490 Grupa cláraithe le Fóram Pobail agus Deonach Chiarraí
- Tharla sé chruinniú de Choiste Feidhmiúcháin an Fhóram Phobail agus Deonach i 2009, athbhreithniú amháin straitéiseach agus cruinniú pleanála san áireamh.
- Bunaíodh Scéim Árachais faoi scáth an Fhóram Náisiúnta Pobail & Deonach agus líon ard grúpaí i gCiarraí páirteach ann.

Gréasán Oiliúna Fóram Pobail & Deonach Chontae Chiarraí
Ghlac 68 eagraíocht ar fad páirt in oiliúint le linn 2009 i dtrí chinn d'ionaid, Trá Lí, Cill Orglan agus Cill Airne.
Bronnadh €20 000 ar an iomlan don bhFóram Pobail & Deonach Chiarraí don tionscadail seo. Bhí an Fóram, i measc 12 ghrúpa sa tír a fuair a leithéid, ar an t-aon Fóram Deonach amháin a fuair an maoiniú céanna.

Gradaim Phobal Chiarraí 2009
Bronnadh an príomhghradam 2009 ar Seanchairde. Cuireann an Gréasán do Dhaoine Scothaosta i gCiarraí Theas fóram ar fáil d'eagraíochtaí ar son daoine scothaosta trínar feidir leo eolas a roinnt agus pleanáil le chéile. Eagraíocht dheonach is ea é agus 45 ghrúpa mar bhaill.

Scéim Aláram Deataigh
Níos fearr ná glaonna dóiteáin a fhreagairt tá páirtíocht an phobail i dtinte a sheachaint. Riarann an Roinn Pobail agus Fiontair an Scéim i gcomhar leis an Seirbhís Dóiteáin agus le heagraíochtaí deonacha. Cuireadh isteach 1 200 aláram ó thús na scéime i 2007

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Mórtas Ceantair
D'imigh trí ghrúpa pobail, le hainmniúchán agus tacaíocht ó Chomhairle Contae Chiarraí, go Caisleán Nua, Co an Dúin don Searmanas Gradam 2009. Sna catagóir cuí, bhí Comhairle Pobail Ghleann Beithe sa Chraobh, fuair Cumann forbartha An Caladh duais tánaisteach agus bhuaigh an Eastát Tithíochta Páirc Uíbh Ráthach, Cill Orglan an chéad duais d'Eastáit Tithíochta.

RAPID

Bhain an Clár RAPID Trá Lí an méid seo amach i 2009:

- Ceapadh Oibrí Oideachais & Oiliúna RAPID chun a bheith i bhfeighil an fho-ghrúpa Oideachais agus oiliúna sa bhfoireann Imeasctha Ceantar.
- Thosnaigh an clár "An Todhchaí atá Romhat" go deireanach i 2009, clár 15 sheachtain do dhaoine óga atá dífhostaithe idir 18-25 bliana d'aois ón gclár RAPID.
- Ceapadh Áisitheoir Clár Spórt RAPID.
- Críochnaíodh an chéad chéim den Tionscnamh Innéacs ar Chaighdeán Beatha.

An tSeanchill/Ráth Únáin
- Moladh go mór sa chlár teilifíse RTÉ "Frontline" an Grúpa Sábháilteacht Phobail & Bainistíocht Eastáit atá sa cheantar An tSeanchill/Ráth Únáin.
- Sampla den deachleachtas is ea an Grúpa agus dá bharr san iarradh ar an ionadaí pobail labhairt ag comhdháil idirnáisiunta i Luimneach i 2010.

Bóthar na Spá/Balloonagh
- Bhí toghchán chun ionadaí nua pobail don chlár RAPID a thoghadh ar son ceantar Bóthar na Spá/Balúnach.

Corrán an Mhistéalaigh/Páirc Naomh Máirtín
- Bhog an chuid is mó de na daoine amach as Corrán an Mhistéalaigh/Páirc Naomh Máirtín mar gheall ar an bhfeabhsú leanúnach atá ar siúl.
- Críochnaíodh an scartáil ar an mórgóir i 2009.
- Chuir Comhairle Baile Trá Lí Ceamaraí Faire thart ar Chorrán an Mhistéalaigh.

Tonscnamh Pobail na gCapall
Tionscnamh nach bhfuil a leithéid sa tír is ea an Tonscnamh Pobail na gCapall Trá Lí. Tá ag éirí go hiontach leis agus suim á chur ann ag údaráis áitiúla agus ag grúpaí pobail ar fud na tíre.

Leabharlann taistil sa Pobal

Léiriú Comhairle na nÓg 2009

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Comhar Spórt Áitiúil Chiarraí

Gaiscí Tábhachtacha i 2009
• Sheol Comhar Spórt Áitiúil Chiarraí a bPlean Straitéiseach 2009-2013 • Foilsíodh Eolaí 2009 do Champaí Samhraidh • Críochnaíodh iniúchadh ar Áiseanna Pobail agus Spóirt • Cód Eitice – Reachtáladh 14 chúrsa do 194 rannpháirtithe a bhain le réimse leathan spórt ar fud an chontae • Buntús Bunchúrsa & Athnuachan – Reachtáladh cúrsa oiliúna corpoideachais don láthair réamh scolaíochta ag 22 ionad cúram leanaí do 80 cúramaí. Tharla dhá chúrsa breise athnuachana do 27 rannpháirtithe. • Déagóirí – Leanadh den gclár corpoideachais do chailíní sna déaga i dtrí scoil de chuid Seirbhís Oideachais Chiarraí agus i dtrí chlub óige; ar an iomlán bhí 115 chailíní óga páirteach sa chlár i 2009. • Bog leat ar Aghaidh – Clár gleacaíochta a cuireadh in oiriúint go speisialta do 16 rannpháirtithe atá faoi bhac fisiciúil. • Aeróbaigh Uisce – Bhain 14 ban a bhfuil Scléaróis Iolrach nó Airtríteas orthu leas as aeróbaigh uisce a dhein maolú éigin ar an riocht ina bhfuilid mar gheall ar na galair úd. • Surfáil Leighis – Bhain 40 rannpháirtithe uathachais sult as an gcéad champa surfála do phaistí. • Cláir Shnámha – Ghlac beagnach 40 duine leas as cláir éagsúla snámha a bhí oiriúnach do leibhéal ar bith. • Clár Timchuairteanna do Chách – Reachtáladh an clár seo do 15 dhuine fásta a mhaireann in ionaid chónaithe. • RAPID/LSP Chiarraí – Clár Scileanna Spóirt –Ghlac 117 nduine óg idir 7-14 bliana páirt in imeachtaí éagsúla. • Scéim Deontas LSP Chiarraí do Chlubanna Spóirt – Tharla cúrsaí oiliúna agus feabhas ar scileanna do 295 thraenálaí a bhain le 48 spórt éagsúla. Faoin scéim seo dáileadh €56,525 do chlubanna ó 2008 i leith chun spórt a fhorbairt. • Sceim Deontas do Mháithreacha – Deis do 482 dhuine fásta agus do 136 pháiste páirt a ghlachadh i gcláir gníomhaíochtaí fisiciúla.

An Oifig Ealaíon

Ag seo a leanas na príomhthionscnamh a fuair cabhair nó maoiniú ón Oifig Ealaíon i 2009.

- Ba leis an rince a bhí na healaíontóirí cónaithe ag plé le linn 2009.
- Bhí seoladh leabhar ag an Scríbhneoir Cónaithe mí an Mheithimh agus breis is 300 i láthair ón gcontae ar fad.

Ar an tionscnaimh pháirtíochta bhí:

- Deiseanna á chruthú ag Scoil Cheoil Chiarraí do mhórán daoine chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí ceoil.
- Oíche Chultúrtha – ag Comhairle Baile Trá Lí, Músaem Chontae Chiarraí, Siamsa Tíre agus Samhlaíocht.
- 'Art for the Young at Heart', páirtíocht idir an Oifig Ealaíona agus an tSeirbhís Leabharlanna.
- Dáileadh an Deontas Acht Ealaíona €42,000 i measc 85 iarratas
- Bronnadh naoi gcinn de Sparántachtaí 'Ealaíontóir ar Scoil' agus cúig chinn "Ealaíontóirí Aonair".

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Meitheal Fiontar Chiarraí

Bunaíodh Meitheal Fiontar Chiarraí i 2004 mar fho-ghrúpa de chuid Bord Fiontar Chiarraí. Tá na 11 eagraíocht seo a leanas mar bhaill den Mheitheal:

- **An Cumann Tráchtála**
- **An Bord Fiontar Contae**
- **Fiontraíocht Éireann**
- **FÁS,**
- **IBEC,**
- **IDA,**
- **Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí**
- **Comhairle Contae Chiarraí**
- **Forbairt Áitiúil**
- **Forbairt na Sionainne,**
- **Údarás Na Gaeltachta.**

Tá sé mar aidhm ag an meitheal:

Foinsí tabhachtacha fiontair a aithint agus a chomhordú i dtreo tosaíochtaí, san am gcéanna Ciarraí a chur chun cinn mar láthair den scoth don bhfiontar

Bhí ceithre chruinniú ag an meitheal i 2009 a dhírigh ar na ceisteanna seo a leanas:-

- Leathanbhanda a scaipeadh fan gcontae.
- Tairseach bunachar sonraí a chruthú faoin gClár Ambasadóir Chiarraí chun Ciarraí a fhógairt thar sáile.
- Tairseach suíomh idirlín Chiarraí a fhorbairt portal in éineacht leis an nGrúpa Straitéiseach Turasóireachta.
- Ábhar bolscaireachta a dhearadh agus a chur le chéile, scannán aerga san áireamh.

Leanadh i gcónaí den athbhreithniú ar na sonrai dí-fhostaíochta sa chontae.

Mí Feabhra 2009 d'éascaigh KEAT comhchruinniú ag an mBord Forbartha Contae/Comhairle Contae Chiarraí mar ar léirigh na heagaraíochtaí atá páirteach sa mheitheal moltaí agus gníomhaíochtaí a chuirfeadh leis an bhforbairt fiontar.

Beartaíodh Seimineár lae don bhliain 2010 chun eolas a sholáthar ar chuardach post, earcaíocht, cearta leasa, tús fiontair, oideachas agus oiliúint. ***(Tharla an ócáid Céim ar Aghaidh in Óstán Carlton Fels Point, Trá Lí, 23 Márta 2010, bhí breis is 600 i láthair).***

John Treacy a seoladh Straitéis Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chiarraí, le Lee Foley, an Chill, Caislean na Mainge, agus Enda Sweeney, Gleann Beithe

An tUachtarán Mary McAleese & Martin McAleese agus an Leas-Mheara Chiarraí san oscailt oifigiúil clós súgartha An Dairbhre ar Méan Fomhair 24ú

Tuairisc ón Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Taitneamhachta

Seirbhís Leabharlann Chiarraí

Arís tháinig méadú ar líon úsáideoirí Seirbhís Leabharlann Chiarraí sna naoi gcinn de leabharlanna an chontae. De réir a cheile tuigtear do dhaoine go bhfuil réimse iontach leathan áiseanna ar fáil ag Leabharlanna Chiarraí idir an idirlíon saor in aisce, leabhair ar diosca, foinsí taighde agus stair áitiúla i dTrá Lí, gníomhaíochtaí do pháistí agus móran eile.
Tugann Comhairle Contae Chiarraí maoiniú €350 000 chun leabhair a cheannach.

Gaisci Tábhachtacha i 2009

- **Eisíodh 464 417 airteagal i Leabharlanna Chiarraí le linn 2009, méadú 15% ar 2008.**
- **Ar an iomlán tugadh 430 125 chuairt ar na naoi leabharlann Chiarraí agus ar an dá Leabharlann Taistil le linn 2009, méadú 18% ar an mbliain seo caite.**
- **Tharla 69 641 seisiún Idirlín laistigh de leabharlanna Chiarraí. Seo seirbhís atá ar fáil iontu go léir saor in aisce. Arís tháinig méadú 15% ar líon na gcuairteoirí a bhain úsáid as an tseirbhís i gcomparáid le 2008.**
- **Tá 21 763 ball cláraithe anois ag Leabharlanna Chiarraí agus iad ag baint buntáiste as teidil nua leabhar agus as na leabhair is mó a mbíonn tarraingt orthu sna naoi gcinn de leabharlanna atá againn sa chontae.**
- **Le linn 2009 chruthaigh Leabharlann Chiarraí ceangail le grupaí éagsúla sna tacaíochtaí sláinte; orthusan bhí Éisteacht Bhodhaire Eireann, grúpa tacaíochta Chiarraí Thuaidh don Disléicse, Airtríteas Éireann agus Cumann Titeamas Éireann.**
- **Bunaíodh nascadh idir Leabharlann Chiarraí, An Chomhairle Leabharlanna agus FÁS chun an tionscnamh foghlaim leactreonach atá ag FÁS a sholáthar i gcúig chinn de leabharlanna idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2009.**
- **Deineadh athbhreithniú iomlán ar sceideal na Leabharlanna Taistil agus tá stadanna breise acu ó Mheán Fómhair i leith, iad anois ag freastal ar Ionaid Phobail agus ar Ionad Acmhainní Teaghlach.**
- **Ar na míreanna saibhre a raibh tábhacht stairiúil leo a bronnadh ar an Roinn Stair Áitiúil le linn na bliana bhí:**
  - **Taifeadtaí Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarrai ó 1900 i leith,**
  - **Bailiúchán nuachtán, irisí agus foilsiúcháin a bhain le Domhnall Ó Conaill**
  - **Deich mbosca taifeadtaí ó Chomhar Uachtarlann An Neidín.**
- **Mar gheall ar an gclár náisiúnta um chóras digiteach tá Daonáireamh 1911 do Chontae Chiarraí ar fail ar líne agus é ar fad saor in aisce don phobal ag gach aon bhrainse i Leabharlann Chiarraí.**

Tuairisc An Stiúrthóra Ar Seirbhísí Corparáideacha

Stiúrthóir Seirbhísí: John D Flynn
Foireann Shinsearach:
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Seirbhísí Corparáideacha:
Ger O'Brien
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Daonacmhainní:
Martin O'Donoghue
Stiúrthóir TEC: Brian Looney

Sa Roinn Seirbhísí Corparáideacha i gComhairle Contae Chiarraí tá na Ranna Cúrsaí Corparáideacha, Daonacmhainní agus an Roinn Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide.

Cúrsaí Corparáideacha

Mí an Mheithimh 2009, tharla Toghcháin Áitiúla chun comhaltaí nua a thoghadh ar Chomhairle Contae Chiarraí go ceann cúig bliana. Bhí pleanáil, ullmhúchán agus eagrú i gceist chun na toghcháin a rith. Chuir 52 iarratasóir sna cúig toghcheantar isteach ar shuíocháin agus bunaíodh an Chomhairle nua ag an gCruinniú Cinnbhliana 19 Meitheamh 2009.

Fuair Comhairle Contae Chiarraí dáil €330 497 i 2009 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais. Caitheadh an t-airgead ar fud an chontae de réir na dtosaíochtaí atá aitheanta sa "Phlean um Rochtan do Chách" atá againn chun rochtan seirbhísí agus áiseanna a fheabhsú do lucht míchumais.
Críochnaíodh mórán oibreacha; mar shampla feabhas ar bhealach isteach i reiligí, pointí oiriúnacha trasnaithe agus pábháil tadhlach orthu, cuntair inrochtana ag stáisiúin aistrithe bruscair agus feabhas ar chomharthaí i bhfoirgnimh phoiblí.

Ullmhaíodh Plean Corparáideach nua don tréimhse 2009 - 2014 agus ghlac comhaltaí na Comhairle Contae leis i 2009. Sa Phlean Corparáideach tá na prionsabail lárnacha agus na haidhmeanna tábhachtacha atá ag an gComhairle maraon le treoir chun iad a bhaint amach agus chun measúnú a dhéanamh ar an ndul chun cinn le linn tréimhse an phlean.

Fuarthas foirgnimh don Oifig Ceantair nua i gCill Airne le linn 2009. Ag deireadh na bliana bhíothas ag meas na dtairiscintí don bhfearas agus don troscán i dtreo an fhoirgneamh a bheith oscailte don phobal i 2010.

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha i 2009
• **D'éirigh go han-mhaith leis na Toghcháin Áitiúla mí an Mheithimh 2009** • **Ullmhaíodh an Plean nua Corparáideach don tréimhse 2009 - 2014** • **Pléadh ar an iomlán le 49 n-iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise i 2009 maraon le 14 iarratas ó Oifig Fhear an Phobail.**

Tuairisc An Stiúrthóra Ar Seirbhísí Corparáideacha

Daonacmhainní

Bíonn an Roinn Daonacmhainní ag éascú deachleachtas sa réimse Daonacmhainní chun a chinntiú go mbíonn foireann ag Comhairle Contae Chiarraí agus ag na Comhairlí Baile atá oilte agus tiomanta do sheirbhísí den scoth a sholáthar.

Gníomhaíochtaí Tábhachtacha i 2009

- **Suíomh píolótach atá i gComhairle Contae Chiarraí chun córas náisiúnta daonacmhainní agus Párolla a chur i bhfeidhm. D'éirigh le Comhairle Contae Chiarraí na módúil Daonacmhainní agus Párolla a chur i bhfeidhm go sásúil.**
  Tá dul chun cinn suntasach déanta ar na módúil Am agus Tinreamh, Oiliúint agus Pinsean le linn 2009.
- **Forbraítear i gcónaí an Clár Bainistiú Neamhláithreachta**
- **Clár Tacaíocht Eagrúcháin á chur i bhfeidhm**
- **Forbraítear i gcónaí an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta**
- **Leantar den Chlár Taithí Oibre "Réaltscoláire" chun deiseanna i dtreo fostaíochta sna húdaráis áitiúla a fhorbairt don Lucht Siúil.**

Ag seo na príomhchúrsaí a reachtáladh san Oiliúint Daonacmhainní i 2009:

- **Sábh Slabhrach**
- **Láimhsiú**
- **Pas Sábháilteachta**
- **Sláinte & Sábháilteacht CSCS d'Oibreacha Bóthair**
- **Láithreacha Seirbhísí faoi Thalamh**
- **Oiliúint i Scéimeanna Oibre d'Oibreacha Bóthair**
- **Filleadh ar an bhFoghlaim**
- **Gluaiseacht ar aghaidh go Bainistíocht**
- **Comhionannas Míchumais san Earnáil Phoiblí**
- **Scileanna Eagrúcháin d'Innealtóirí**
- **Scríobh Litreacha agus Tuairiscí**

Tuairisc An Stiúrthóra Ar Seirbhísí Corparáideacha

Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide

Is í an Roinn Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide a sholáthraíonn agus a chothaíonn an bonneagar TE laistigh de na hÚdaráis Áitiúla i gCiarraí

Gaiscí Tábhachtacha i 2009

- **Sábháladh breis is €100 000 ar an dteileafónaíocht so-ghluaiste agus ar chiorcaid sonraí d 'Údaráis Áitiúla Chiarraí trí chonarthaí nua agus trí chleachtas éifeachtach.**
- **Bhí Comhairle Contae Chiarraí ar an bpríomhshuíomh treorach do 27 gcinn d'Údaráis Áitiúla agus tús á chur leis an gCóras Náisiúnta Daonacmhainní & Párolla. Le linn 2009 íocadh foirne na Comhairle Contae agus Comhairle Baile Lios Tuathail trín gcóras úd. Arís iarradh ar Chomhairle Contae Chiarraí a bheith mar shuíomh píolótach treorach do na módúil i gCéim 2 sa chóras céanna.**
- **Seoladh suíomh nua na Comhairle www.kerrycoco.ie mar a bhfuil seirbhísí nua idirghníomach agus léarscáilíochta, feabhas ar rochtan agus ábhar as Gaeilge.**
- **Cruthaíodh suíomh beag eile go speisialta do na Toghcháin Áitiúla 2009 chun eolas a sholáthar ar an bpróiseas agus ar na hiarrthóirí. Cuireadh suas sonraí beo ó na hIonaid Chomhairimh agus Fístéip srutha trí theicneolaíocht Idirlín 2.0.**
- **Baineadh triail as íocaíocht Ar líne sa tSeirbhís Bhruscair trin gCóras Íoc de Réir a Chéile chun tús a chur leis 1 Eanáir 2010.**

Tionóntaí Comhairle Contae Chiarraí a chríochnaigh cúrsa teanga Gaeilge ó Comhairle Contae Chiarraí, Údaras agus Seirbhís Oideachas Chiarraí, leis na múinteoirí sa léiriú i mBaile an Fheirteireagh.

Ráiteas Airgeadais

Stiúrthóir Seirbhísí: John O'Connor Stiúrthóir Airgeadais
Foireann Shinsearach: :
Cuntasóir Airgeadais/Bianistíochta: Angela McAllen
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach: Kathleen Moriarty
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach: Pat O'Shea

Níl aon dabht ach go raibh dúshláin mhóra romhainn go léir le linn 2009 maidir le cúrsaí geilleagair agus airgeadais, go deimhin níor bhraitheamhar a leithéid de chúlú le blianta fada. B'fhíor an méid adúradh san ESRI 2009 Winter Economic Quarterly "bheadh sé deacair cur síos i geart ar na deacrachtaí a tharla i ngeilleagar na hÉireann le linn na bliana 2009".

Ar ndóigh bhí tionchar nach beag ag an gcúlú domhanda, náisiúnta agus áitiúil ar an mbuiséad a bhí ar fáil ag an gComhairle agus bhí srian ar ár gcuid oibreacha dá réir. Tháinig laghdú beagnach 8% ar Chaiteachas Ioncam Reatha agus thart ar 47% ar Chiateachas Caipitiúil i 2009, i gcomparáid le 2008.

Agus an Buiséad Ioncam Reatha á mbainistiú i bliana bhí an bhéim ar an méid seo a leanas:-

- a chinntiú gur éirigh linn na feidhmeanna lárnacha agus dualgais reachtúla a choimeád ag leibhéil sásúil
- margadh maith a bhaint amach i gcónaí maidir le soláthar seirbhísí agus dá bharr san
- tionchar an chúlu eacnamaíochta ar mhuintir an chontae a laghdú chomh fada agus ab fhéidir linn.

Chun soláthar seirbhísí a chinntiú i gcónaí ar bhonn leanúnach inmharthana, ní mór an t-airgead tirim a bheith le fáil againn chucu. Díríodh go mór ar shruth fiachóirí idir ranna rialtais, áisínteachtaí stait agus custaiméirí na Comhairle i rith na bliana 2009.

Tháinig laghdú ar bhailiúcháin ioncaim i rith na bliana ar ndóigh de dheasca deacrachtaí i gcúrsaí gnó agus talmhaíochta. Mar sin féin bhí na bailiúcháin ioncaim ar an mórgóir go sásúil roimis deireadh na bliana.

Tháinig feabhas ar réimse amháin ioncam údarás áitiúla, áfach, mí Iúil 2009 nuair a bunaíodh an muirear ar an dara thigh cónaithe. Téann an muirear chuig an údarás ina bfuil an dara thigh suite agus bhain Comhairle Contae Chiarraí suim airgid €1.72m ó tháinig an riail i bhfeidhm. Tacaíocht an-mhór ab ea an méid sin a lig dúinn leanúint de chláir oibreacha a bheadh in easnamh mar gheall ar laghdú i bhfoinsí eile ioncaim.

Tá léargas ar staid airgeadais agus ar ioncam agus caiteachas na bliana le feiscint sna táblaí agus sna cairteanna atá anso thíos. Is féidir a rá ar an mórgóir go bhfuil staid airgeadais na Comhairle sásúil go leor anois ag deireadh na bliana 31 Nollaig 2009.

Leanann an Chomhairle i gcónaí den infheistíocht nach beag i gclár seirbhísí uisce, cé go bhfuil an clár úd níos lú ná mar a bhí ceaptha ar dtús mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta.

Beidh gá le caiteachas an-mhór chuige seo ar bhonn áitiúil. I gceist sa chlár beidh costais bhreise oibrithe/cothaithe mar gheall ar an bhfeabhas ar shócmhainní chomh maith leis na hardchaighdeáin atá leagtha síos maidir le cáilíocht uisce/diúscairt fuíolluisce.

Is fíor a rá go mbeidh dúshlán roimh an Chomhairle go ceann na mblianta i bhfad leis an gcaiteachas riachtanach a mhaoiniú. Ní mór a rá freisin go mbeidh orainn na tosaíochtaí seirbhíse go léir eile a shásamh mar is gnáth.

Go hachomair, beidh gá sa Chomhairle le rialachán géar ar an mbuiséad, bainistiú fiachóirí, tosaíochtaí seirbhísí agus éifeacht costas chun go mbeidh sé d'acmhainn againn an tarraingt a bhíonn ar ár gcuid maoinithe a shásamh mar is cóir.

Ráiteas Airgeadais

Caiteachas de réir Ranna	Cait Iomlán 2009	Ioncam 2009	Caiteachas Glan 2009	Caiteachas Glan 2008
	€	€	€	€
Tithíocht agus foirgníocht	14,081,580	13,882,576	199,004	919,820
Iompar de bhóthar & sábháilteacht	36,179,304	23,114,673	13,064,631	14,414,882
Seirbhísí Uisce	21,168,567	13,422,605	7,745,962	6,748,938
Bainistíocht Fhorbartha	8,290,132	2,130,707	6,159,425	6,314,103
Seirbhísí Comhshaoil	17,848,749	9,907,126	7,941,623	6,197,703
Caitheamh Aimsire/Taitneamhacht	4,819,460	382,368	4,437,092	5,267,462
Talmhaíocht, oideachas, sláinte & leas	15,100,187	14,360,319	739,868	939,146
Seirbhísí Ilghnéitheacha	6,956,144	3,902,244	3,053,900	4,268,929
Muirir lárbhainistíochta	-	-	-	-
Caiteachas/Ioncam Iomlán	**124,444,123**	**81,102,618**		
Costas Glan Ranna ó Rátaí & ón gCiste Rialtais Áitiúil			43,341,505	45,070,983
Laghdú Pinsean			2,167,773	-
Ciste Rialtais Áitiúil			**24,300,141**	29,139,561
Muirear Contae			6,825,773	7,232,550
Rátaí Tráchtála			18,066,275	17,851,131
Barrachas/(Easnamh) na Bliana roimh Aistriú			8,018,457	9,152,259
Aistrithe go(ón)Cúlchiste			(7,885,460)	(8,970,014)
Barrachas/(Easnamh) na Bliana			132,997	182,245
Cúlchiste Ginearálta 1 Eanáir			1,756,037	1,573,792
Cúlchiste Ginearálta 31 Nollaig			1,889,034	1,756,037

Ráiteas Airgeadais

Clár Fuílleach 31 Eanáir 2009	2009 €	2008 €
Bunsócmhainní		
Oibrithe	391,171,991	370,801,102
Bonneagair	3,053,176,628	3,059,808,779
Pobail	1,099,884	1,233,722
Neamhoibrithe	2,433,946	2,044,843
	3,447,882,449	**3,433,888,446**
Obair ar Siúl agus Réamhchostais	**73,055,493**	**66,109,291**
Fiachóirí Fadtéarmacha	**40,536,776**	**40,511,684**
Sócmhainní Reatha		
Stoc	892,051	867,732
Fiachóirí Trádála & Réamíocaiochtaí	22,717,507	30,893,274
Infheistíochtaí Banc	39,000,000	24,400,000
Airgead faoi Bhealach	818,201	1,849,342
	63,427,759	**58,010,348**
Dliteanais Reatha		
Rótharraingt sa Bhanc	593,445	2,195,576
Creidiúnaithe & Fabhruithe	20,447,531	21,693,706
Cuntas Uirbeach	475,135	68,358
Léasanna Airgeadais	-	1,242
	21,516,111	**23,958,882**
Sócmhainní Glan Reatha/(Dliteanais)	**41,911,648**	**34,051,466**
Creidiúnaithe (Méid le breis is Bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	98,941,064	87,446,187
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí Inaisíoctha	1,521,300	1,036,198
Eile	-	-
	100,462,364	**88,482,385**
Sócmhainní Glan/(Dliteanais)	**3,502,924,002**	**3,486,078,502**
Maoinithe ag		
Cuntas Caipitliú	3,447,882,449	3,433,888,446
Ioncam WIP	71,150,630	57,845,549
Cúlchiste Ioncam Reatha Sonraithe	5,196,625	5,476,624
Cúlchiste Ioncam Reatha Ginearálta	1,889,034	1,756,037
Iarmhéid eile	-23,194,736	-12,888,154
Cúlchiste Iomlán	**3,502,924,002**	**3,486,078,502**

Ráiteas Airgeadais





Ráiteas Airgeadais





Ráiteas Airgeadais

Íocaíochtaí Déanacha 2009

Faoi réir an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialacháin (Íoc Déanach i nGnóthaí Trádála, 2002) Comhphobail Eorpacha ag seo sonraí íocaíochtaí déanacha do Chreidiúnaithe.

Íocaíochtaí Déanacha	2009
Líon íocaíochtaí déanacha a bhí níos mó ná €317. 44	1
Luach íocaíochtaí déanacha a bhí níos mó ná €317.44	€678.55
Luach íocaíochtaí déanacha mar choibhneas le luach íocaíochtaí iomlán le soláthróirí.	0%
Íocaíochtaí Iomlán	€95,141,387
Ús Éirice Íoctha	€5.53

Garda Emma Mullane, agus Maria O'Regan, Oifigeach Oideachas Sábháilteacht Bhóthair, sa seó sábháilteacht bhóthair.

Leanáí, tuismitheoirí agus coiste eagrúcháin san oscailt oifigiúil don clós súgartha Ard Fhearta i Marta 2009

Tuairisc ó Bhord Fiontar Chontae Chiarraí

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Tomás Hayes

D'oibrigh Bord Fiontar Chontae Chiarraí ar bhonn láidir sásúil i 2009 in anneoin an cúlú sa chomhshaol airgeadais agus cúrsaí gnó atá ar siúl i láthair na huaire.
Ceadaíodh deontais €500 637 do 40 micrea-ghnó agus an mianach iontusan 62 phost lánaimseartha agus 20 post páirtaimseartha/séasúrach a chruthú. Coimeádfar 70 post i gcomhlachtaí freisin mar gheall ar na deontais.

Dáileadh ar an iomlán €428 094 i bhfoirm deontas ar 47 gcomhlachtaí le linn 2009.

Chomh maith leis sin chaith an Bord €522 657 trí thacaíocht sa ghnó a thabhairt do níos mó ná 1 000 duine aonair. Orthusan bhí:

- Oiliúint chun Gnó a Thosnú,
- Oiliúint chun Gnó a Fhorbairt,
- Margaíocht,
- Scileanna TE,
- Dearadh,
- Gréasáin Lucht Gnó
- Comhairleoireacht 'Ar Bhonn Aonair'.

Lonnaítear na tionscnaimh úd ar fud an chontae, don chuid is mó bionn siad in áiteanna nach mbainfeadh leas go díreach as Infheistíocht Allúrach. Ligtear do dhaoine maireachtaint agus dul ag obair ina bpobail féin agus ar an gcuma san bítear ag cur go praiticiúil le forbairt tuaithe.

Leanann an Bord Fiontar Contae de bheith ag cur cumas fiontair chun cinn i scoileanna dara leibhéil agus in institiúidí tríú leibhéil. Déantar urraíocht ar an gComórtas Contae Gradam Fiontar don Scoláire do lucht dara leibhéil agus tugtar cúnamh airgid don chomórtas ag leibhéal na nGradam Náisiúnta.

Is leis an mBord Fiontar Contae freisin na Gradaim Fhiontar Chontae agus tacaítear le réimse tionscadal eile mar Chláir Bia, Forbairt Bia Mara, Gréasáin Lucht Gnó agus móran clár agus seimineár eile.

Mí Dheireadh Fómhair 2009, bhunaigh Bord Fiontar Chiarraí "Seachtain Fiontar Chiarraí". Bhí an "Bus Fiontair" le feiscint ag dul thart fan gcontae chun go bhféadfadh éinne a gcuid smaointe faoi ghnó a bhunú bualadh isteach agus iad a phlé leis an mBord.

Tiocfaidh tuairimí eile chun cinn sna blianta atá romhainn. Go stairiúil bunaítear an-chuid gnóthaí beaga le linn cúlú eacnamaíochta mar gheall ar dhífhostaíocht agus de bharr gnóthaí móra ag lorg seirbhísí ó ghnóthaí eile. Beidh micrea-ghnóthaí ábalta leas a bhaint as deiseanna i gcúram sláinte, breosla, fuinneamh agus deisiúchán tairgí.

Beidh Turasóireacht, bia agus deoch fíorthábhachtach sa gheilleagar áitiúil. Beidh suim i samplaí gnó ar líne chun cur leo siúd atá cheana féin ann agus cuirfear suim nach beag i ngréasáin lucht gnó ar líne.
Agus polasaí náisiúnta á dhréachtadh caithfear smaoineamh ar chontae ar nós Chiarraí chun deis a thabhairt don Bhord tionscadail agus struchtúir mhaoinithe a fhorbairt sa chontae ar bhonn cuí.

Tá an Bord Fiontar go mór faoi chomaoin ag na Baill agus ag an gCoiste Measúnaithe a oibríonn ar bhonn deonach go díograiseach proifisiúnta. Aithnítear anso go bhfuil meas mór againn orthu ar son a ngairmiúlacht agus a dtiomantas don saothar.

Tuairisc ó na Comhairle Bailte

Comhairle Baile Trá Lí
Tuairisc an Mhéara

Is cúis áthais domsa, mar Mhéara Tra Lí, a bheith bainteach le Tuarascáil Bhliantúil 2009.

Ach súil siar a thabhairt ar imeachtaí na bliana is léir gur oibrigh foireann Chomhairle Baile Trá Lí go dícheallach chun feabhas a chur ar an mbaile.

Caithfear a rá, áfach, gur gaisce ann féin don Chomhairle Baile is ea an Tionscnamh Feabhsaithe i gceantar an Mhistéalaigh i dTrá Lí.

Le linn an tionscnaimh léiríodh comhoibriú den scoth idir an Chomhairle agus muintir na háite maidir le hathlonnú na dteaghlach ó Chorrán an Mhistéalaigh agus scairteadh na dtithe. Dá bharr san go léir déanfar athfhorbairt iontach ar an gceantar.

Ní fhéadfaí an tionscnamh seo a chur i gcrích gan chomhoibriú an phobail agus tá ríméad orm a rá go raibh dearcadh dearfach ag cách mar gheall air. Tá buíochas tuillte freisin ag foireann na Comhairle as a gcuid iarrachtaí i leith an tionscnamh a chur chun cinn.

Ba léir gur thionscnamh fíorthábhachtach a bhí ann nuair a bheartaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an fhorbairt Tobar Naofa a oscailt mí Bealtaine 2009.

Mar Mhéara freisin, bhí ríméad orm gur tharla comóradh 50 bliain Féile Rós Trá Lí i mbliana 2009. Ar ndóigh féile fíorthábhachtach is ea í ní hamháin do bhaile Trá Lí ach do chontae Chiarraí ar fad. Fáilteofar i gcónaí roimh an fuinneamh a chuirtear i gcúrsaí geilleagar na háite lena linn go háirithe le déanaí agus cúrsaí gnó ag dul i léig i ngach áit.

Ní féidir a mheas i ndáiríre cé chomh maith is atá an phoiblíocht a fhaightear ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta trín íomhá dearfach a léirítear i gcónaí le linn na féile. Do chách a bhí bainteach leis an bhFéile le 50 bliain anuas, tréaslaím libh bhur saothar agus bhur samhlaíocht. Guím gach rath agus séan ar Anthony O'Gara agus ar an bhfoireann i 2010 agus beifear ag súil le sult a bhaint as an bhFéile go ceann na mblianta i bhfad.

Le linn comóradh 50 bliain nocht an Chomhairle Baile dealbh nua Rós Trá Lí i bhFaiche an Bhaile.

Nochtadh dealbh nótalta eile mí Dheireadh Fómhair 2009 i mbaile Trá Lí, b'shin an Dealbh de Christie Hennessy a cuireadh ar an gCearnóg Bheag.

Aithnítear Christie mar amhránaí agus mar scríbhneoir amhrán ar fud an domhain agus ní fhéadfaimis rud níos fearr a dhéanamh chun go mairfidh a chuimhne beo inár measc. Ba léir ón slua mór a bhí i láthair don nochtadh go bhfuil ardmheas ag an bpobal air, mórtas orainn as mar dhuine agus cumha ar dhaoine ina dhiadh.

Ar son gcomhaltaí go léir, gabhaim buíochas ó chroí le foireann agus le bainistíocht Comhairle Baile Trá Lí as a bheith go tiomanta díograiseach i gcónaí.

Gabhaim buíochas freisin ar ndóigh le cách a chuir isteach ar shuíocháin sa dá thoghchán idir Chontae agus Baile. Tréaslaím leo siúd ar fad ar éirigh leo agus beidh lá eile le cúnamh Dé acu siúd nár bhain suíochán amach an babhta seo.

An Comh Terry O'Brien
Méara Trá Lí

Comhairle Baile Trá Lí
Tuairisc ón mBainisteoir Baile

Ach súil siar a chaitheamh ar shaothar Comhairle Baile Trá Lí le linn 2009 is léir gur cuireadh i gcrích clár leathan oibreacha, in ainneoin cursaí geilleagair a bheith go leochaileach sa bhaile is i gcéin.

Mar Bhainisteoir Baile Trá Lí molaim go mór foireann agus bainistíocht na Comhairle araon as seirbhís den scoth a sholáthar do phobal Trá Lí in ainneoin na ndúshlán a bhí rompu.

Dul chun cinn a bhí thar na bearta agus dearfach i 2009 ab ea an Tionscnamh Feabhais don cheantar Mistéalach- Bóthar Buí.

Ag leibhéal náisiúnta thacaigh an Rialtas go mór leis an dtionscnamh trí mhaoiniú €5.5m a thabhairt i 2009. Dá bharr san síníodh an conradh do scairteadh na 81 tigh i gCorrán an Mhistéalaigh. Leanfar de na hoibreacha i 2010 agus in ionad an Chorráin tógfar forbairt nua ar an láthair maraon le Foirgneamh Seirbhísí Comhtháite.

Glacaim leis an deis seo buíochas a ghabháil le cách i measc an phobail a chomhoibrigh le chéile chun go mbeadh rath ar an dTionscnamh Feabhais.

Ba mhór an trua dá bhrí sin gur tharraing mionlach sa phobal aird diúltach ar an gceantar agus ar an mbaile ag leibhéal náisiúnta.

Ní ghlacfar lena leithéid d'iompair agus beidh Comhairle an Bhaile, na Gardaí agus áisínteachtaí eile ag cur le chéile chun an cheist a réiteach.

Ba mhór an trua freisin gur foilsíodh ailt i nuachtáin násiúnta le linn comóradh 50 bliain Féile Rós Trá Lí a léirigh íomhá fíordhiúltach den bhaile.

Dar le móran de mhuintir na haite, níorbh é seo an baile atá ar aithne acu agus mar a bhfuil cónaí orthu. Is fíor go mbíonn deacrachtaí ann ach bíonn a leithéid chéanna ag bailte eile atá ar chómhéid linn.

Le linn 2009 leanadh den chlár chun bóithre an bhaile a uasghrádú agus tá feabhas mór tagtha ar na príomhbhealaí. Ní hamháin san ach feabhsaíodh go mór na cosáin ar fud an bhaile freisin.

Bhí toradh ar an iarracht ar an soláthar uisce i dTrá Lí a fheabhsú mar leagadh breis is 380m príomhphíopaí nua i 2009. Leantar i gcónaí de thionscnaimh chun uisce a chaomhnú agus laghdófar an caitheamh uisce ar an iomlán i dTra Lí.

Ar ndóigh doiciméad tábhachtach is ea an Plean Forbartha do Bhaile Trá Lí. Mí Feabhra 2009 ghlac baill na Comhairle le Plean Forbartha nua don tréimhse 2009-2015 agus bhí feidhm leis an bplean 16 Márta 2009.

Tá straitéis cuimsitheach sa Phlean chun pleanáil mar is cóir agus forbairt inmharthana a chur i gcrích go ceann sé bliana agus ba mhaith an tsuim a léirigh an pobal ann agus an comhairliúchán ar siúl roimh ré.

Molaim go mór na comhaltaí tofa a d'oibrigh go fíorshásúil le feidhmiúchán na Comhairle ar son leas an bhaile. Bhí comhaltaí nua i seomra na Comhairle tar éis na dtoghchán áitiúla agus gabhaim buíochas ó chroí leo siúd nár thánig ar ais as a gcuid iarrachtaí le cúig bliana anuas.

Michael McMahon
Bainisteoir Baile Trá Lí

Comhairle Baile Trá Lí
Baill Chomhairle 2009

Baill Chomhairle Eanáir-Meitheamh 2009

Comh Johnny Commane (Lab)

Comh Toiréasa Ferris (SF)

Comh Ted Fitzgerald (FF)

Comh Cathal Foley (SF)

Comh Norma Foley (FF)

Comh Tommy Foley

Comh Pat Hussey (FG)

Comh Miriam McGilly-cuddy (Lab)

Comh Kieran Moriarty (FF)

Comh Terry O'Brien (Lab)

Comh Karen Tobin (Lab)

Comh Johnnie Wall (FF)

Baill Chonmhairle Meitheamh-Nollaig 2009

Comh Mairead Fernane (FG)

Comh Toiréasa Ferris (SF)

Comh Ted Fitzgerald (FF)

Comh Cathal Foley (SF)

Comh Norma Foley (FF)

Comh Pat Hussey (FG)

Comh Sam Locke

Comh Terry O'Brien (Lab)

Comh Grace O'Donnell (FG)

Comh Arthur J Spring (Lab)

Comh Johnnie Wall (FF)

Comh Gillian Wharton-Slattery (FG)

Comhairle Baile Trá Lí
Baill na mBord/na gCoistí 2009

Cumann Údarás Áitiúla Éireann

Comh Ted Fitzgerald
Comh Arthur J. Spring

Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo.

Comh Grace O'Donnell

Comhchoiste Póilíneachta

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald
Comh Cathal Foley
Comh Norma Foley
Comh Pat Hussey
Comh G. Wharton-Slattery
Comh Grace O'Donnell
Comh Sam Locke
Comh Arthur J Spring
Comh Toiréasa Ferris
Comh Terry O'Brien
Comh Johnnie Wall

Bord Forbartha Chontae Chiarraí

Comh Terry O'Brien

Seirbhís Oideachas Saoil Chiarraí

Comh Grace O'Donnell

Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil

Comh Gillian Wharton-Slattery

RAPID

Comh Sam Locke

Coimisinéirí Cuan Trá Lí & An Fhianait

Comh Mairéad Fernane
Comh Arthur J. Spring

Comhlacht Spórt & Taitneamh Réigiún Trá Lí Teo

Comh Mairéad Fernane
Comh Gillian Wharton-Slattery

Muilinn Ghaoithe Chathair Uí Mhóráin

Comh Arthur J. Spring

Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta Chomhairle Contae Chiarraí

Comh Pat Hussey

Trá Lí Slachtmhar

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald
Comh Cathal Foley
Comh Norma Foley
Comh Pat Hussey
Comh G. Wharton-Slattery
Comh Sam Locke
Comh Arthur J Spring
Comh Toiréasa Ferris
Comh Terry O'Brien
Comh Grace O'Donnell
Comh Johnnie Wall

Seirbhís Oideachais Chiarraí

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald

Comhar Áitiúil Spórt Chiarraí

Comh Gillian Wharton-Slattery

Comhar Forbartha Chiarraí Thuaidh & Thoir Teo

Comh Johnnie Wall

Údarás Réigiúnach an Iarthuaiscirt

Comh Gillian Wharton-Slattery

Margadh Feirmeoirí Trá Lí

Comh Grace O'Donnell
Comh Arthur J. Spring

I dTreo Feabhas ar Thrá Lí

Comh Mairéad Fernane
Comh Ted Fitzgerald
Comh Cathal Foley
Comh Norma Foley
Comh Pat Hussey
Comh G. Wharton-Slattery
Comh Sam Locke
Comh Arthur J Spring
Comh Toiréasa Ferris
Comh Terry O'Brien
Comh Grace O'Donnell
Comh Johnnie Wall

Comhairle Baile Trá Lí Comhdhálacha/Seimineáir/Cruinnithe ag a raibh Comhairleoirí i rith na bliana 2009

Comhdháil/Ócáid	Láthair	Líon a bhí i Láthair
Comhdháil an Earraigh Cumann Údarás Áitiúla Éireann 2009	Óstán Clanree, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	7
Comhairle Contae Laois "Seimineár Earraigh Cumann Comhaltaí Údarás Áitiúla 2009"	Óstán Heritage, Portlaoise	1
Seoladh sa Ghearmáin – Comhar Cultúrtha Trá Lí/Frankfurt-Höchst	Bolongaro Palace, Frankfurt-Höchst	1
Comhairleoireacht Kadenza Teo " Mí-úsáid Drugaí & Alcóil"	Óstán Glengarriff Eccles, Gleann Garbh, Co Chorcaí, Cork	1
Comhar Cultúrtha Trá Lí/Frankfurt-Höchst	Frankfurt	1
Cumann Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo "Cruinniú Ginearálta Neamhghnách"	Óstán Burlington, Baile Atha Cliath	1
96ú Comhdháil Bhliantúil Cumann Údarás Áitiúla Éireann 2009	Óstán Gleneagle, Cill Airne	5
Fiontair Ezperanza Teo "An tAcht um Phleanáil & Forbairt (Leasú) 2009"	Óstan Kingsvalley, Páirc Merlin, Gaillimh	1
An Oifig Oidhreachta "Comhdháil Taifeadadh Béaloideas Pobail"	Leabharlann Taighde Mhucros, Cill Airne	2
Oideachais Saoil Chiarraí "Díobháil Alcóil & Drugaí a laghdú"	Óstán Europa, Cill Airne	2
An Foras Riaracháin "Clár Tosaithe do Chomhaltaí nuathofa"	Óstan Newpark, Cill Chainnigh	2
Cumainn Lucht Tráchtála " Gradaim Údaráis Áitiúla den Scoth 2009"	Óstán Burlington, Baile Átha Cliath	1
Comhairle Contae Luimní "Soláthar Seirbhísí in Údarás Áitiúil – Aois nua"	Óstan Carlton Castletroy Park, Luimneach	2
Comhairleoireacht Kadenza Teo "Buiséid Chomhairlí 2010"	Óstán Silver Tassie, Leitir Ceanainn, Co Dhun na nGall	1
Comhairle Contae an Chláir "Páirtíocht sa Turasóireacht – 21 bhliain ag fás"	Óstán Falls, Inis Díomáin, Co an Chláir	1
Sároiliúint "An Buiséad Údarás Áitiúil 2010"	Óstán Carlton Millrace, Bun Clóidí, Co Loch Garman	1

Comhairle Baile Trá Lí
Costais na gComhaltaí 2009

Liúntais Bhliantúla

	€
An Méara	10,400.00
An Leasmhéara	2,600.00
Liúntais Chomhaltaí	38,648.32
Íocaíochtaí Ionadaíochta	70,538.25

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Baile Tra Lí €14, 851.03 i 2009 ar son láithreachtai, ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag comhdháil, seimineár nó ag aon ócáid eile. Bhain €14 328.60 le liúntais taistil agus cothaithe anso in Éirinn. Bhain €522.43 lena leithéid de chostais chéanna thar sáile.

Fáiltithe Cathartha

Tharla na Fáiltithe Cathartha seo a leanas i 2009:

- **Coiste Trádáil Chóir Trá Lí**
- **Comóradh Domhnach Cásca**
- **Coiste Aonach na Ríochta**
- **Rósanna Trá Lí 1959-2008**
- **An 50 Rós Idirnáisiúnta agus a muintreacha**
- **An 50 Ionad Rósanna a bhí páirteach i 2009**
- **An 50 Fear Comórtha Rósanna 2009**
- **Seoladh Comhar Trá Lí & Frankfurt-Höchst**
- **An Chuairt Phalaitíneach**

Gradaim an Mhéara

Bhronn an Méara gradaim ar na daoine/eagraíochtaí seo a leanas i 2009 chun aitheantas a thabhairt dá gcuid gaiscí:

- **Baill Choistí Féile Idirnáisiúnta Rós Trá Lí le 50 bliain anuas**

Nascadh

Bheartaigh Comhairle Baile Trá Lí go foirmiúil i 2009 nasc a bhunú le:

- **Westlake, Ohio**

Comhairle Baile Trá Lí
Costais Toghcháin na nIarrthóirí

Iomlán Costas Toghcháin a Caitheadh & Bronntanas a Fuarthas do Thoghcháin Áitiúla 2009	
Iarrthóir	Iomlán
Ted Fitzgerald	4,526.76
Peter Antonow	1,196.00
Tommy Collins	3,070.00
John Commane	1,533.00
Mairead Fernane	2,905.97
Cathal Foley	1,765.65
Norma Foley	4,580.84
Dan Galvin	2,802.00
David Grey	1,986.04
Timmy Griffin	2,350.44
Pat Hussey	3,661.82
Paudie Kennelly	510.00
Sam Locke	300.00
Sean Moraghan	1,374.65
Teddy Murphy	1,813.47
Toireasa Ferris	3,979.82
Terry O'Brien	5,412.00
Grace O'Donnell	2,660.18
Leonard O'Donnell	2,214.90
Pat O'Shea	1,877.16
Arthur J Spring	7,862.00
Johnnie Wall	1,119.20
Gillian Wharton Slattery	3,101.00

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Trá Lí 2009

Tithíocht & Tacaíocht Shóisialta

Ba é €14 800 000 ar an iomlán an dáileadh caipitiúil a bhí ag Comhairle Baile Trá Lí don bhliain 2009. Dáileadh €8 mhilliún do thithíocht idir thógáil agus ceannach, €850 000 do Chóiríocht Lucht Siúil, €5.5 mhilliún don Tionscnamh Feabhais agus €450 000 chun athchóiriú a dhéanamh ar thithe folmha.
Cuireadh tús i mbliana le Scéim an Rialtais um Athchóiriú Folús, sceim a bunaíodh chun údarás áitiúla a spreagadh i dtreo feabhas ar chúrsaí fuinnimh i dtithe folmha. Le linn 2009 dhein Comhairle Baile Trá Lí 36 thigh a athchóiriú faoin scéim chéanna. Dhaingnigh an Rialtas a gcuid tiomantais don Tionscnamh Feabhas Pobail don cheantar an Mhistéalaigh/Bóthar Buí nuair a méadaíodh an t-airgead a dáileadh ó €1 mhilliún amháin i 2008 go €5.5 mhilliún i 2009.

Bhí cruinnithe ag oifigigh shinsearacha de chuid na Roinne agus Comhairle Baile Trá Lí le chéile chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht leanúnach ann chun an Plean Feabhais a chur i gcrích.
Bhí 1165 aonad tithíochta mar stoc ar cíos ag Comhairle Baile Trá Lí 31 Nollaig 2009. Ag an am gcéanna bhí 1 575 ar an liosta feithimh.
D'éirigh le Comhairle Baile Trá Lí cúig aonad inacmhainne a dhíol i gCuirt an tSeiceamair.

Le linn 2009, lean Comhairle Baile Trá Lí de cheisteanna tithíochta a fhuascailt agus den bhfeabhsúchán ar an stoc tithíochta atá cheana féin againn.

- Caitheadh breis is €385 275 ar roinnt tithe folmha a athchóiriú agus bhí 56 thigh inligthe arís le linn 2009 dá bharr san.
- Scrúdaigh an roinn tithíochta 895 aonad mar thoradh ar iarratais chothaithe.
- Críochnaíodh oibreacha maidir le 723 chinn d'iarratais ar chothú tithíochta.

Déantar tréaniarracht i gComhairle Baile Trá Lí ar áitritheoirí a spreagadh le páirt a glacadh i saol an phobail go háirithe trí chomhoibriú le háisínteachtaí tacaíochta agus cumainn áitritheoirí.
Tá baint mhór ag Comhairle Baile Trá Lí leis an nGréasán Áitritheoirí chun Tosaigh mar a mbíonn tacaíocht á thabhairt go díograiseach do 35 chumann áitritheoirí. I gcomhar leis an bhFóram Scothaosta agus le Comhar Forbartha Chiarraí Thuaidh agus Thoir, foilsíodh an "Eolaí Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta" i 2009.
Cé gur tharla dul chun cinn suntasach le linn 2009 ar an dTionscnamh Feabhas do Phobal an Mhistéalaigh/Bothar Buí, mar sin féin bhí moill éigin ar na feabhsúcháin de dheasca deacrachtaí faoi mhalairt áitreabh do theaghlaigh sa cheantar agus maidir le próisis nua na Roinne a bhain le conraitheoirí a fhostú.

- Bealtaine 2009, d'oscail an tAire John Gormley, Aire Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil an chéad chéim i dTionscnamh Feabhas do Phobal an Mhistéalaig/Bóthar Buí mar atá 'Tobar Naofa', forbairt nua-aimseartha i ngach aon slí, í sábháilte agus éifeachtach ó thaobh fuinneamh de.
- Is é córas teasa ceantair Tobar Naofa, a bhraitheann ar shliseanna adhmaid, an t-aon scéim dá shórt sa tír agus leas á bhaint as breosla a thairgtear go haitiúil. Bronnadh Gradam Caomhnú Fuinnimh ar an scéim úd ag na Gradaim de chuid Cumainn Tráchtála Éireann a bhronntar ar son Scothsheirbhísí Rialtas Áitiúla.
- Mean Fómhair 2009, síníodh conradh do na hoibreacha scartála le Griffin Brothers a bhain leis na 81 aonad a bhí i gCorrán an Mhistéalaigh; caithfear an méid sin a dhéanamh chun go mbeidh slí don bhforbairt nua tithíochta agus d'Fhoirgneamh Seirbhísí Comhtháite. Dá bharr an fhoirgnimh úd éascófar comhordú seirbhísí agus spás do lucht fiontair i measc pobal an cheantair agus go deimhin féin ar fud an bhaile.
- Deireadh Fómhair 2009 síniodh conradh le Ned O'Shea & Sons chun sé chinn d'aonaid bhreise agus seomra níocháin a thógaint sa bhforbairt atá cheana féin i dTobar Naofa.
- Mí na Nollag 2009, d'éirigh le Comhairle Baile Trá Lí maoiniú a fháil trín dTionscnamh Feabhas do Phobal an Mhistéalaigh/Bóthar Buí chun 20 cuibhreann aonair agus sé chuibhreann pobail a fhorbairt i dTobar Maigh Dor, Trá Lí.
- Tharla cruinnithe rialta le linn 2009 le Coiste Stiúrtha an Mhiastéalaigh/Bóthar Buí agus le Grúpa Oibre Páirtíocht an Phobail chun a chinntiu go gcloítear go dlúth leis an mbonn láidir atá bunaithe laistigh den Tioncnamh Feabhais.

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Trá Lí 2009

Bóithre & Iompar

Lean Comhairle Baile Trá Lí den uasghrádú bóithre i 2009. Tá sé anois d'aidhm againn bóithre/cosáin sábháilte a bheith ann agus dromchla níos fearr a bheith ag cách idir choisithe, rothaithe agus tiománaiathe. Tógadh ceann go háirithe den rochtan uilíoch agus na hoibreacha á ndéanamh.

Gaiscí Tábhachtacha	
Blocdheontas ar Togra: €228,000	**Deontais Athnuachan Carrbhealach: €145,000**
Neartú agus Dromchla ar • Bóthar an Ráschúrsa • Bóthar Baile an Bhile • Oakpark Demense • Cosán nua agus oibreacha draenála ar Bhóthar an Ráschúrsa	Draeanáil agus Dromchlaí • Back Lane, Cathair Uí Mhóráin Feabhsaíodh na cosáin ar: • Westcourt • Bailtíní Uí Rathaille • Glenard • Bóthar an Trá • Sráid Rae
Tobhaigh Fhorbartha:	**Rochtan Míchumais: €62,385**
Draenáil riachtanach agus dromchlaí ar an gCuarbhóthar Thuaidh in aice le Tigh Sochraide Hogan's.	Cosáin ísle ar: • Páirc Uí Chonghaile • Seanachill, • Ráth Únáin • Bóthar an Ráschúrsa Tosnaíodh ar thrasnán coisithe a chur ar Ardán Eidhneáin
Muirear a ghlacadh:	
Glacadh na bóithre seo a leanas ina muirear orainn i 2009: Cill Dara Ardán an Chillín Ashleigh Downs The Willows, Clonmore Woodbrooke Court, Móin an Bhealaigh Clonmore Grove Inner The Oaks, Radharc na Darach Riverside Drive, Radharc na Darach	

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Trá Lí 2009

Feabhas & Caomhnú Comhshaoil

Don tríú bliain as a chéile, i 2009 bhí Trá Lí i measc na mbuaiteoirí sa Chomórtas Bliantúil Bailte Slachtnhara agus bonn airgd againn sa chatagóir Bailte Móra. Chuireamar seacht bpointe arís anuas ar mharc na bliana anuraidh.

Bhronn an Leasmhéara an Comh Máiréad Fernane na duaiseanna Bailte Slachtmhara Trá Lí ag an Searmanas Gradam Bliantúil. Ar an iomlán bronnadh 28 gcinn de ghradaim ar eastáit, lucht gnó agus ar dhaoine aonair a bhain barr feabhais amach i gcomórtas Bailte Slachtmhara Trá Lí 2009.

Seirbhís Bhruscair agus Athchúrsála

- Bailíodh ábhar tirim athchúrsala mar 8.3% den tonnáste iomlán fuílleach dramhaíola a bhailigh Comhairle Baile Trá Lí.
- Bhailigh an Comhairle 51 421 mhála ábhar tirim athchúrsála
- Is córas 'lipéad de reir bailiúcháin' atá i bhfeidhm ag Comhairle Baile Trá Lí don bhfuílleach bruscair
- Dhein Conhairle Baile Trá Lí ar an iomlán 4 535 bhailiúchán tráchtála agus 111 604 bailiúchán fuílleach dramhaíl tí.
- Ba é 90% d'fhigiúr 2008 a bhí sa bhailiúchán bruscair agus bhí an fuílleach tonnáiste go dtí líonadh talún ar 88% d'fhigiúr na bliana seo caite.
- Bhailigh Seirbhís Bhruscair Comhairle Baile Trá Lí 370 tonna ábhar tirim athchúrsála agus 4 450 tonna fuílleach dramhaíola freisin a cuireadh isteach i líonadh talún.

Feachtas Bruscair Frith-ghuma

Mí an Mheithimh 2009 chuaigh Comhairle Baile Trá Lí isteach leis an Meitheal Bruscar Guma(GLT). Cuid de comhthionscadal i measc údarás áitiúla is ea an GLT agus iad ag iarraidh réiteach inmharthana a fháil sa bhfadtéarma ar fhadhb an chaitheamh bruscar guma.

Caitheamh Aimsire & Conláistí

Le linn 2009 tharla oibreacha áirithe comhshaoil trín mhaoiniú caipitiúil a fuarthas ó thobhaigh fhorbartha, iad laghdaithe ó bhlianta eile ar ndóigh.

Deineadh uasghrádú ar an gcosán i bPáirc an Bhaile, go háirithe ar thaobh Sráid Denny agus laistiar de Halla Cuimhneachán Ághais.
Athraíodh an 'seanchlós súgartha' ina gháirdín pobail a ritear agus a bhainistítear ar bhonn deonach.

Dealbh Rós Trá Lí i bPáirc an Bhaile

Nochtadh an Dealbh álainn Rós Trá Lí leis an dealbhóir cáiliúil Jeanne Rynhart Dé Luain 24 Lúnasa. Ba í Leasmhéara Tra Lí an Comh Máireád Fernane a dhein an oscailt oifigiúil. Dealbh é seo i gcuimhne ar Mary O'Connor, an leannán a chomórtar san amhrán cáiliúil ag William Pembroke Mulchinock. Tá an dealbh le feiscint sa Gháirdín Rósanna i bPáirc Bhaile Tra Lí.

Sheol an leas-Mheara Trá Lí Comh Mairead Fernane, dealbhóireacht chré-umha an Rós Trá Lí ón dealbhóir Jeanne Rynhart, sa Phairc an Bhaile Trá Lí

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Trá Lí 2009

Feabhas & Caomhnú Comhshaoil

Ómós do Christie Hennessey sa Chearnóg, Trá Lí
Nochtadh dealbh in ómós do Christie Hennessey, nach maireann, sa Chearnóg i dTrá Lí mí Dheireadh Fómhair 2009. Labhair an Leasmhéara ar óige agus ar shaol Christie i dTrá Lí, ar an saol iomráiteach a chaith sé le ceol ar feadh 35 bliana i Londain, ar an lámh in uachtair a fuair sé ar an disléicse agus ar an dtacaíocht a thug sé don chumann carthanachta "Crossfire".

Oibreacha Grinnill
Deineadh oibreacha ar Abhainn na Laoi, go háirithe ag na Droichid agus ar Ghrinneall na hAbhann Móire. Ar an ngcuma san laghdaíodh an tionchar a bhí ag an mbáisteach trom mí Dheireadh Fómhair.

Féile na mBláth
Tá dlúthbhaint ag baill agus ag oifigigh Comhairle Baile Trá Lí agus Comhairle Contae Chiarraí le coiste ea-graíochta Féile na mBláth, a tharla i bPáirc Baile Trá Lí idir 9-21 Meitheamh 2009. Tá sé d'aidhm ag an bh-féile aird a tharraingt ar Phairc an Bhaile agus go mbeidh idir chuairteoirí agus muintir na háite ábalta leas a bhaint as an áis iontach seo.

Bainisteoir Baile Trá Lí Michael McMahon, An Comh Mairead Fernane, Leas-Mheara Trá Lí, Ciss Walsh agus Michael Scannell Cléireach Baile, Trá Lí sa síniú conradh chun scartála Mitchels Crescent.

Sheoil an dealbhóireacht Christie Hennessy i dTrá Lí, 31ú Deireadh Fomhair. Sa phictiúir tá Gill, bean chéile Christie, Amber agus Hermione, iníon Christie agus a mhac, Tim, agus Christy Moore.

An Leas Méara Trá Lí Comh Mairead Fernane sa síniú conradh chun tógáil sé árasán i Tobar Naofa, le Ned O'Shea Tógálaí agus Cléireach Baile Trá Lí Michael Scannell.

Bhron an Áire Stáit Michael Finneran TD an bonn airgid agus teastas do coiste Towards a Better Tralee, sa Dámhachtainí Comórtas na mBailte Slachtmhara

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Trá Lí 2009

Seirbhísí Uisce

Le linn 2009 leag Foireann Uisce Comhairle Baile Trá Lí thart ar 380m príomhphíopaí nua in ionad fad seanphíopaí a bhí gan mhaith agus iad ag cruthú fadhbanna soláthair agus cáilíochta dá réir.

Ba iad príomhthionscnaimh na bliana ná gur leagadh 250m píopaí nua 75mm ag na bungalónna i bPáirc Naomh Bhreandáin agus 100m píopaí nua i Castlecountess. Caitheadh fad 30m príomhphíopaí a leagan freisin i bPáirc Gnó na Carraige in ionad seanphíopaí a raibh foirgneamh anuas orthu le tamall.
San áit ar leagadh príomhphíopaí nua cuireadh isteach ceangail nua leis na háitribh in aice leo agus boscaí teorann chun méadair a chur iontu. Cuireadh isteach hiodraint don chomhrac tine freisin sna ceantair chéanna.

Le linn na bliana d'éascaigh an Roinn Seirbhísí Uisce forbairt ar an mbaile trí 11 cheangal nua uisce a sholáthar agus deisíodh breis is 135 ligean nó pléascadh i bpríomhphíopaí. Cuireadh i gcrích oibreacha in éineacht le tionscnamh Caomhnú Uisce na Comhairle Contae chun comhlaí laghdaithe brú a lonnu i Cloghers agus deineadh oibreacha chun píopaí a aimsiú agus a scaoileadh i mBungalónna Naomh Pádraig agus i gCorrán an Mhistéalaigh chun ligint dos na hoibreacha a bhaineann leis an gclár feabhais dul ar aghaidh.

Pleanáil & Forbairt

Iarratais Phleanála
Fuair Comhairle Baile Trá Lí iomlán 108 n-iarratas pleanála le linn 2009 agus ní raibh ach 10 gcinn (9.3%) nach raibh bailí. B'iad 154? iarratas agus 12 (7.8%) nach raibh bailí an dá fhigiúr chéanna i 2008.

Ag seo anailís ar na hiarratais phleanála a bhí bailí le linn 2009:

Tithe Cónaithe agus sínte san áireamh	**34**
Tráchtála	**25**
Coimeádta	**20**
Malairt úsáide	**7**
Eile	**12**

Ar an iomlán ceadaíodh 84 iarratas i 2009.

Achomhairc
Seoladh 10 gcinneadh ar aghaidh chuig An Bord Pleanála i 2009 agus níor tógadh aon chinneadh maidir le trí chinn díobh roimis deireadh na bliana 31 Nollaig. Réitigh An Bord Pleanála le cinneadh na Comhairle sna seacht gcás eile.

Forfheidhmiú Pleanála
Tá sé d'aidhm ag forfheidhmiú pleanála a chinntiú go mbaintear aon fhorbairt atá gan údarás, é sin nó é a chur ina ceart de réir rialacha pleanála, chomh luath agus is féidir trí na próisis chuí fhorfheidhmithe.
Le linn 2009, fuarthas 112 ghearán ar fad; d'eisigh Comhairle Baile Trá Lí 112 litir rabhaidh agus sé fhógra forfheidhmithe mar gheall ar rialacháin Phleanála a shárú.

Ranníocaíochtaí Forbartha
Ar an iomlán le linn 2009, bailíodh €258 643 mar ranníocaíochtaí forbartha i gcomparáid le €1.1mhilliún i 2008

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Chomhairle Baile Trá Lí 2009

Plean Forbartha Baile Thrá Lí

De réir Alt 11 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2000 tá sé de dhualgas ar Chomhairle Baile Trá Lí mar Údarás Pleanála athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha 2003-2009. Sa Phlean Forbartha tá straitéis cumsitheach do phleanáil mar is cóir agus d'fhorbairt inmharthana go ceann sé bliana, é sin go léir laistigh de ráiteas scríofa agus pleananna a léiríonn spriocanna forbartha don bhaile.

Tosnaíodh ar an athbhreithniú foirmiúil ar Phlean 2003 go deireanach i 2007 nuair a ullmhaíodh cáipéis díospóireachta ar an bplean nua baile. Mí Feabhra 2008 ullmhaíodh tuairisc bhainisteora mar fhreagra ar an gcéad chéim sa chomhairliúchán poiblí. Fuair an Chomhairle 116 aighneacht agus an chéim sin ar bun mar gheall ar an ngá a thuigtear a bheith ann le comhshaol agus le conláistí an bhaile a chosaint.

Tar éis an haighneachtaí a fháil agus le tacaíocht comhaltaí tofa Comhairle Baile Trá Lí, bhí an Dréacht-phlean Forbartha Trá Lí os comhair an phobail ón 1 Iúil 2008 ar feadh 10 seachtaine. Tharla cruinniú eolais don phobal 21 Iúil 2008 agus fuarthas 60 aighneacht breise sa dara chéim san comhairliúcháin. Leasaíodh an Dréachtphlean agus cuireadh ar taispeáint arís é ón 1 Nollaig ar feadh cúig sheachtaine go dtí 5 Eanáir 2009.
Ghlac na Comhaltaí leis an bPlean nua Forbartha Baile mí Feabhra 2009 agus bhí feidhm leis ón 16 Márta 2009.

Suímh Thréigthe
Tharla dul chun cinn maidir le Suímh Thréigthe i dTrá Lí le linn 2009. Críochnaíodh oibreacha ar an-chuid áitreabh agus baineadh iadsan den Chlár Suíomh Tréigthe.
Is léir dúinn, áfach, ó shuirbhéanna go bhfuil obair fós le déanamh sa réimse seo. Le linn 2009 eisíodh 85 fhógra faoin Acht Suíomh Tréigthe agus cuireadh 19 suíomh breise ar an gClár Suíomh Tréigthe.

Comhairle Baile Trá Lí
Ráiteas Airgeadais

Caiteachas	2008	2009
	€	€
Caiteachas Ioncam Reatha	**21,501,447**	**21,114,835**
Caiteachas Caipitiúil	**19,608,409**	**7,663,054**
Ráta Bliantúil Luachála	79.98	81.18
Príomhfhoinsí Ioncam Reatha		2009
		€
Rátaí		**6.7 m**
Deontais ón Státchiste/Aisíocaíochtaí		**3.4 m**
Ciste Rialtas Áitiúil		**3.3 m**
Cíos Tithíochta		**2.2 m**
Muirir Pháirceála		**1.9 m**
Muirir Uisce/Fuíolluisce		**1.1 m**
Muirir Bhruscair		**1.1 m**
NPPR		**0.5 m**
Conláistí Cuairteoirí		**0.2 m**
Táillí Pleanála		**0.1 m**
Cúnamh d'Eagraíochtaí Áitiúla	2008	2009
	€	€
Coiste Féile Gáirdíní Trá Lí, Lá 'Le Pádraig, Féile Chiarraí, Amharclann Siamsa Tire, Banna Píopaí agus Drumaí, Féile Shindig, Gradaim Phobail Trá Lí,Cumainn Áitritheoirí, Oideachas Saoil Chiarrai, Trá Lí Slachtmhar, Muilinn Ghaoithe Chathair Uí Mhóráin Teo, Spórt agus Taitneamh Réigiún Trá Lí, Samhlaíocht Chiarraí Teo	**181,900**	**181,900**

Comhairle Baile Chill Airne
Tuairisc an Mhéara

A Dhaoine Uaisle, is cúis áthais dom an réamhrá seo a scríobh. Is mian liom a rá ar dtús gur iontach an onóir dom a bheith i mo Mhéara ar an mbaile iontach seo agus go bhfuil gach gur féidir liom á dhéanamh agam, le comhoibriú mo chomh-Chomhairleoirí agus Oifigigh na Comhairle, chun an baile seo againne a chur chun chinn is a neartú.
Is baile an-ghnóthach é Cill Airne agus bíonn cuairteoirí ag teacht is ag imeacht ó cheann ceann na bliana, a bhformhór chun áilleacht na dúthaí a fheiscint.

Bhí saol gruama go leor ag gach éinne idir an drochaimsir agus an cúlú eacnamíochta sa dara leath den bhliain 2009. Bhí ar chuairteoirí cur suas leis an mbáisteach ach bhain siad taitneamh as fíorchairdeas agus comhluadar tuisceanach mhuintir Chill Airne. Is mian liom aitheantas a thabhairt do chách a oibríonn sa tionscal is tábhachtaí dá bhfuil againn anso. Tá fíorthábhacht ag baint le failte Chroíúil agus leis an bhfocal cneasta agus táid chomh tábhachtach leis na radharcanna a chítear ina dhiaidh sin, idir locha, gleannta agus sléibhte.

D'fhulaing mórán daoine i measc an phobail agus lucht gnó de dheasca an geilleagar a bheith ag titim as a chéile. Bhí cruatan nua i réim, rud a d'eascair as mí-éifeacht agus leithleachas agus bhí an-chuid dúshlán romhainn go léir. Ní mór do gach éinne anois seasamh le chéile agus ár ndícheall a dhéanamh chun go mbeidh íomhá dearfach Chill Airne os comhair an domhain mar a bhí riamh.

Ar dtús caithfear fáil réidh le bruscar ar na sráideanna agus ar na bealaí isteach sa bhaile. Laghdaíonn an bruscar meanma an phobail agus cuireann se isteach go mór ar chuairteoirí. Masla agus céim síos d'aon cheantar is ea an gníomh úd caitheamh bruscair. Creidimse féin go daingean gur lucht Truaillithe iadsan a Chaitheann Bruscar. Guím gach rath agus séan ina gcuid iarrachtaí ar an dá Choiste Killarney Looking Good agus na Bailte Slachtmhara ar éirigh leo araon éacht a dhéanamh go dtí seo.

D'fhágamar slán i 2009 le beirt Saoiste a d'éirigh as an gComhairle – Saoiste an Bhaile, John Doyle agus an Saoiste Gáirdíní, Pat Linehan. Do chruthaigh an bheirt acusan go hiontach i gcónaí agus tá dreach álainn ar an mbaile mar gheall orthu agus ar a saothar. Tá clú agus cáil ar an inspioráid a fuair gach einne ó na toir, bláthanna agus ón bhfíoráilleacht a chruthaigh Pat agus go deimhin tá an saothar céanna ar siúl fós aige go deonach. Guímid gach rath agus barr na sláinte ar an mbeirt acu sna blianta atá rompu le cúnamh Dé.

Tá an ghéarchéim easpa tithíochta ag dul in olcas i gcónaí. Is bocht an scéal é go bhfuil mórán daoine ag feitheamh le tigh a fháil ar feadh i bhfad agus ag an am gcéanna tá a fhios againn go bhfuil breis is 340 000 aonad tithíochta díomhaoin ar fud na tíre. Tá amhras mór orm faoin scéim Léas a chuireann an Rialtas chun cinn agus tá súil agam nach mbainfear an fhreagracht as tithíocht údarás áitiúla de Chomhairlí áitiúla. Buile tubaisteach a bheadh sa mhéid sin don Údarás Áitiúil.

Seachtain ar fiú cuimhneamh uirthi go ceann i bhfad a bhí agamsa mí Meán Fómhair nuair a bhí se de phribhléid againn, mo chomhghleacaithe, oifigigh agus foireann Comhairle Baile Chill Airne fáiltiú roimis beirt chuairteoir atá cáiliúil agus iomráiteach, mar a bhí Sam Maguire agus an tUachtarán Mary McAleese. Bhí failtiú cathartha againn freisin don imreoir idirnáisiúnta Caitheamh agus Amas Damien Fleming. Ní hamháin go dtugtar aitheantas do laochra ar a leithéid d'ócáid ach ardaítear meanma mhuintir an chontae ar fad.

Gabhaim buíochas le mo chomhgleacaithe, foireann agus oifigigh na Comhairle agus le muintir Chill Airne as a gcreidiúint ins an áit seo atá fíorspeisialta. "Is ar scáth a chéile a mhairimid", a deirtear. Tá an fhírinne sa mhéid sin gan dabht ar domhan nuair a deirtear go bhfuilimid go léir ag brath ar a chéile. Inspioráid is ea an méid sin a spreagann sinn chun sonas, áthas, áilleacht agus grá do gach éinne idir chomharsa agus cuairteoir araon a léiriú. Ar an gcuma san beimid go léir ar ár ndícheall ag cinntiú go bhfuil an acaláid "Scáth na bhFlaitheas" tuillte go maith ag an mbaile seo againne agus ag an dúthaigh máguaird.

Comh Michael Gleeson
Meara Chill Airne

Comhairle Baile Chill Airne
Tuairisc ón mBainisteoir Baile

Caithfear ardaitheantas a thabhairt d'fhoireann Chomhairle Baile Chill Airne as an méid suntasach atá bainte amach acu le linn 2009. Tá cuma breá anois agus feabhas mór ar an mbaile dá bharr.

In anneoin an chulú eacnamaíochta, fós féin bhí bhí buiséad ioncaim nach beag, €14.3m, ag Comhairle Baile Chill Airne le caitheamh ar sheirbhísí agus ar chonláistí don bhliain 2009.

Mar is eol dúinn go léir is í an turasóíreacht atá fíorthábhachtach agus chun tosaigh i gcónaí i gCill Airne agus sa dúthaigh máguaird. Bíonn Comhairle Baile Chill Airne ag saothrú le háisínteachtaí áitiúla agus leantar den iarracht ar bhaile a chruthú atá taitneamhach agus tarraingteach do chuairteoirí. Luach saothair agus cruthú go bhfuil ag éirí go breá linn is ea an Bonn Óir a fuaireamar i gComórtas na mBalte Slachtmhara don naoiú bliain as a chéile. Ní hamháin san ach bhaineamar an Gradam Réigiúnach don limistéar Corcaigh-Ciarraí chomh maith.

